Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Dréacht-Tuarascáil Bhliantúil 2021

# Clár Ábhar


Réamhrá an Mhéara ....................................................................................3
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh ..................................................................6
Eolas faoin gComhairle ..............................................................................9
Ár bpríomhsheirbhísí ................................................................................10
Cruinnithe na Comhairle, 2021 .......................................................................12
Coistí um Beartais Straitéiseacha ...................................................................13
Gradaim Chorparáideacha ..............................................................................24
Tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn an Phlean Chorparáidigh 2020 – 2024.........26
Dul chun cinn ar tháscairí an Phlean Chorparáidigh...........................................26
Tuarascálacha ar sheachadadh seirbhíse & cuspóirí an Phlean Chorparáidigh ...28
Forbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta.......................................28
Úsáid Talún, Pleanáil agus Iompar .........................................................33
Tithíocht, Forbairt Shóisialta agus Pobail ...............................................38
Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide........................................................42
Cumas Eagraíochta agus Cuntasacht...........................................................47
Aguisíní..............................................................................................54
Aguisín 1.1 Ráitis airgeadais ...............................................................54
Aguisín 1.2 Siamsaíocht agus costais ghaolmhara ..........................................58
Aguisín 2.1 Comhaltaí Tofa Reatha ...........................................................59
Aguisín 2.2 Íocaíochtaí déanta le Comhairleoirí in 2021 ..................................60
Aguisín 2.3 Ballraíocht Comhairle de Choistí agus Comhlachtaí Eile .............61
Aguisín 3 Oiliúint agus comhdhálacha ar freastalaíodh orthu........................66
Aguisín 4 Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna ..67
Aguisín 5 Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh ..........................................69
Aguisín 6 Nochtuithe Cosanta .................................................................70
Aguisín 7 Táscairí Áitiúil Feidhmíochta ....................................................71
Aguisín 8 An Fhoireann Ardbhainistíochta ...................................................76

## Réamhrá an Mhéara

A chairde,
Is onóir mhór domsa é an réamhrá seo a scríobh do Thuairisc Bhliantúil Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Mar chéad saoránach an chontae, feicim na hiarrachtaí atá ar siúl ag meitheal agus comhairleoirí an Chomhairle chun ár saoil a fheabhsú. Idir thithíocht agus bithéagsúlacht, sláinte agus slándáil phoiblí, tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas ag obair go dian ar bhur son.

I mo cháil mar Mhéara, is mór an onóir é an réamhrá seo a scríobh do Thuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Mar chéad saoránach de Chontae Átha Cliath Theas, feicim go pearsanta na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag foireann na comhairle agus ag ionadaithe tofa chun saol gach duine sa Chontae a fheabhsú.

Dhá bhliain dhúshlánacha a bhí ann do Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, agus cé go bhfuilimid ag filleadh ar an normáltacht rud éigin, tá taibhse an COVID-19 fite fuaite linn, agus táimid fós ag dul in oiriúint do dhomhan ina bhfuil brí iomlán nua ag baint le sláinte an phobail. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hoibrithe deonacha agus na hoibrithe túslíne a thug cosaint dúinn i rith aimsir na mbearta sláinte poiblí, agus a leanann ar aghaidh dár gcosaint agus muid ag dul i dtaithí ar an “normáltacht nua”.

Agus muid ag filleadh ar chleachtais a bhí i bhfeidhm roimh an bpaindéim, mar shampla cruinnithe aghaidh ar aghaidh agus uaireanta seirbhíse custaiméara sa chomhairle á leathnú, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nár stop Comhairle Contae Átha Cliath Theas ag obair le linn thréimhsí fada na srianta. Leanadh ar aghaidh le tionscadail fhearainn phoiblí, forbairtí tithíochta, obair ar bhithéagsúlacht agus gníomhaíocht ar son na haeráide, le linn 2020 agus 2021, agus tá na tairbhí á mbaint amach againn mar phobal.

Tá dhá éigeandáil romhainn in Éirinn, i bhfoirm na géarchéime tithíochta leanúnaí agus géarchéim dhomhanda na haeráide agus na bithéagsúlachta. Cé go bhfuil go leor dár bhfreagairt don chéad éigeandáil thuasluaite ag brath ar an rialtas láir, tá forbairtí tithíochta inacmhainne, cíosa costais agus tithíochta sóisialta tagtha chun cinn ar fud an chontae mar gheall ar phleananna tithíochta na Comhairle. Bhí Comhairle Contae Átha

Cliath Theas forásach in aghaidh an athraithe aeráide, agus léiríonn tionscadail ar nós Scéim Téimh Ceantair Thamhlachta, Foraoisí Clocháin, Tionscadal LIFE Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath agus an Straitéis Draenála Inbhuanaithe, ní hamháin go bhfuilimid ag gníomhú ach táimid ar thús cadhnaíochta.

Inár mBuiséad do 2022, thug do chomhaltaí tofa tosaíocht dár bhfreagairt ar an dá ghéarchéim shainiúla seo dár linne, agus tá Plean Forbartha forásach dréachtaithe againn freisin agus é mar aidhm aige feabhas a chur ní hamháin ar chainníocht na tithíochta ach ar cháilíocht na tithíochta freisin i gContae Bhaile Átha Cliath Theas, dóibh siúd a bhfuil tithíocht shóisialta de dhíth orthu, do dhaoine breacaosta, don Lucht Siúil agus do dhaoine faoi mhíchumas. Mar chomhairle, déanaimid ionadaíocht ar chách agus léirigh ár ngníomhartha le bliain anuas an fhreagracht seo.

Chuir an cogadh mídhleathach san Úcráin isteach go mór orainn, agus go deimhin tá fáilte curtha againn roimh na chéad chéadta daoine de na mílte dídeanaithe a bheidh ag teacht. Tá dualgas daonna orainn aire a thabhairt dóibh siúd  atá ar an ngannchuid, agus tosaíonn sé seo sa bhaile. Caithfimid feidhmiú mar chomhartha dóchais do dhaoine eile ar nós ár ndeartháireacha agus deirfiúracha Úcránacha, ach do na pobail sin in Éirinn atá ar an imeall freisin. Tá sárobair déanta ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar son na mban, an phobail LGBTQI+, na n-imirceach, an Lucht Siúil, agus go leor grúpaí eile a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu. Thugamar tacaíocht freisin do ghnólachtaí áitiúla fanacht ar siúl go rathúil tríd an bpaindéim agus amach anseo.

Táim buíoch de gach uile dhuine de mo chomhchomhairleoirí ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Chuir siad a muinín ionam mar Mhéara, agus tá súil agam go bhfuilim tar éis a muinín a chúiteamh leo. Oibríonn na comhairleoirí seo go dian dícheallach ar do shon chun saol na saoránach síoraí i gContae Bhaile Átha Cliath Theas a fheabhsú, agus is minic nach dtugtar aitheantas dóibh as an obair seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, Daniel McLoughlin, agus leis na stiúrthóirí seirbhísí laistigh den chomhairle, as a dtoilteanas oibriú le pobail agus le comhairleoirí atá mar bhonn agus mar thaca ag na gníomhartha forásacha go léir ar féidir leis an gComhairle a bheith bródúil astu le bliain anuas.

Thar aon ní eile, ba mhaith liom buíochas a ghabháil libhse, a shaoránaigh Chontae Bhaile Átha Cliath Theas. Is é do bhraistint phobail a chabhraigh linn teacht amach as tréimhse dheacair, níos láidre agus níos cumasaí chun déileáil lena leithéid d'imeachtaí sa todhchaí. Míle buíochas do na grúpaí pobail ar fad a léirigh a leithéid de cheannaireacht le dhá bhliain anuas. Míle buíochas le gach saoránach i gContae Bhaile Átha Cliath Theas. Mar chomhairleoirí, táimid freagrach daoibhse agus táimid anseo chun do shaol a fheabhsú.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine, mar a deir an seanfhocal, agus is ar scáth a chéile a aithnímid go bhfuil fírinne sa seanfhocal eile, ní neart go cur le chéile. Fanaimis le chéile, níos láidre, níos cineálta, níos sásta.

An Comhairleoir Peter Kavanagh,
Méara Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

## Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Mar a tharla in 2020, ní mór féachaint ar na héachtaí atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo trí phriosma bliana a bhí go mór faoi thionchar mór na srianta a bhaineann le COVID-19 agus breithnithe gaolmhara. Is léiriú iad iarrachtaí suntasacha na heagraíochta leanúint ar aghaidh ag cothabháil seirbhísí riachtanacha, infrastruchtúr ríthábhachtach a fhorbairt agus pleanáil a dhéanamh don todhchaí. Ar fud na heagraíochta, bhí patrúin oibre fós solúbtha agus freagrúil i gcomhréir le comhairle sláinte agus sábháilteachta agus rialacháin um fhilleadh ar an obair. Chuir seirbhísí túslíne lena n-áirítear fearann poiblí, páirceanna, tithíocht, uisce agus draenáil agus glanadh sráideanna a gcuid sceidil agus a gcuid oibre in oiriúint do róta athbhreithnithe. Lean seirbhísí oifigbhunaithe comhairle an rialtais agus bhí feidhm ag obair ón mbaile do idir 50% agus 85% den fhoireann ag amanna éagsúla, de réir mar a tháinig athrú ar na srianta. Cé go gcuireann sé isteach ar chúrsaí eagraíochta agus go bhfuil sé dúshlánach go pearsanta, is léir gurb é samhail hibrideach d’obair bhaile/oifige an todhchaí, agus tá digitiú luathaithe seirbhísí ríthábhachtach chun é seo a bhaint amach. Ó thaobh airgeadais de, ba é an toradh a bhí ar thacaíochtaí rialtais do ghnó ná go raibh rátaí tráchtála fós ag teacht isteach mar a bhí. Imríodh tionchar ar fhoinsí eile ioncaim, go háirithe ioncam cíosa, áit a raibh tionchar mór ag dúshláin na dianghlasála ar leibhéil bhailiúcháin. Mar sin féin, tá staid airgeadais foriomlán na heagraíochta fós láidir, go háirithe ó thaobh ár bpleananna infheistíochta caipitil.

D’ainneoin cur isteach, moill agus na dúshláin uileghabhálacha i gcúinsí daonna agus socheacnamaíocha araon, rinneadh dul chun cinn suntasach thar raon réimsí atá mar bhonn agus thaca ag croíchuspóirí ár bPlean Corparáideach. Rinne an Chomhairle raon de chinntí sainiúla beartais agus tionscadail a chuirfidh le leas eacnamaíoch agus sóisialta an Chontae. Ní nach ionadh, bhí fócas leanúnach ar thithíocht. Cuireadh straitéis cúig bliana na Comhairle faoi “Tithíocht do Chách” a thugann gealltanas thart ar 6,500 teach sóisialta agus inacmhainne a chur ar fáil faoi bhráid an rialtais i mí na Nollag. Chuige sin, cheadaigh Comhaltaí Tofa tionscadail nua tithíochta ag Lindisfarne, Corrán Rónáin, Páirc na bPiarsach, Páirc Aonghasa agus go háirithe, 620 aonad i gCill an Ardáin. Cuireadh tús le forbairt Chill Cairbre a sholáthróidh breis agus 500 teach sóisialta agus inacmhainne agus beidh daoine ina gcónaí in aonaid Chéim 1 in 2023. Cuireadh 368 teach nuathógtha ar fáil in 2021. Chomh maith le tithe nuathógtha,

d’éascaigh an Chomhairle 802 tionóntacht nua faoin Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) / Scéim Chóiríochta ar Cíos (RAS). Chuireamar tús lenár gClár Iarfheistithe ilbhliantúil le 117 teach, arna maoiniú as leithdháileadh €3.2 milliún ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Comhlánóidh sé seo Clár Cothabhála Pleanáilte €10m na Comhairle a cuireadh ar bun in 2021, tar éis moilleanna fada mar thoradh ar COVID.

Leanadh le próiseas athbhreithnithe an Phlean Forbartha Contae ar feadh 2021. Is é seo an doiciméad beartais is suntasaí chun tacú le dearcadh straitéiseach na Comhairle d’fhás an Chontae, sna fiche bliain atá le teacht agus ina dhiaidh sin. I gcomhar leis an bpróiseas seo tá an Chomhairle, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gceannas ar mháistirphleanáil a dhéanamh ar os cionn 1,500 acra de thailte tionsclaíocha feadh Bhóthar an Náis, soir ón M50. Agus “Imeall na Cathrach” mar ainm ar an tionscadal, féachann sé le hathchuspóirí na dtailte seo a phleanáil mar cheathrú ilchineálach nua spreagúil, a d’fhéadfadh go mbeidh 80,000 duine ina gcónaí ann agus 60,000 post le fáil ann.

Is riachtanach infheistíocht a dhéanamh i gcreat sóisialta an Chontae do phobail reatha agus do phobail todhchaí chun fís na Comhairle seo maidir le Contae bríomhar fáilteach a chothú a bhaint amach. Chuige seo, d’osclaíomar dhá leabharlann nua i gCluain Dolcáin agus i dTigh Motháin, páirc mhór nua €5 milliún ag Lána Tandy, Baile Adaim, agus spásanna súgartha nua i dTeach na Giúise, Sruthán Liam, an Teampall Geal agus Páirc Chorcaí, mar aon le spásanna do dhéagóirí i mBaile Choilín agus i mBaile Mhic Craith. Fuarthas cead pleanála chun Staid Thamhlachta, áis nua uile-aimsire i bPáirc Sheáin Bhreathnaigh, a chríochnú agus d'athfhorbairt mhór a dhéanamh ar pháirceanna Chorcaí agus Chill an Ardáin. Den chéad uair riamh, fuair an Chomhairle cead pleanála freisin le haghaidh Ionad Idirghlúine nua a thógáil i bPáirc Thigh Motháin agus cuirfear tús leis an tógáil sin ag deireadh an tsamhraidh, 2022. I measc na dtionscadal eile a ceadaíodh trí phleanáil na Comhairle um dhul chun cinn le linn 2021, bhí Mol Soghluaisteachta Thamhlachta, Teach Cúirte Ráth Cúil, lána rothaíochta Bhóthar na Dothra agus an chéim dheireanach de Ghlasbhealach na Canálach Móire.

Leanadh ar aghaidh go tapa le cur chun cinn ár bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide nuair a cuireadh tús le Tionscadal Téimh Ceantair Thamhlachta, daingníodh

agus caitheadh €21 milliún ar bhonneagar rothaíochta, lena n-áirítear Céim 3 de Ghlasbhealach na Dothra agus leathnaíodh ár scéimeanna foraoisithe uirbigh agus móinéir bláthanna fiáine. Tá na tionscadail rothaíochta ina gcuid de Straitéis Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Theas a ghlac an Chomhairle in 2021, a dhíríonn ar 263km de lánaí rothaíochta a sheachadadh ar chostas €280 milliún thar 10 mbliana. Chuireamar togra um Chrios Dícharbónaithe isteach freisin do Chluain Dolcáin agus do Thamhlacht araon agus tá súil againn go gceadóidh an rialtas an dá thogra seo go luath in 2022.

Leanadh ar aghaidh le huasghrádú agus le cur i láthair aeistéitiúil feabhsaithe an Chontae nuair a cuireadh tús le tionscadal feabhsúcháin Shráidbhaile Theach Mealóg, pleanáil móroibreacha do Shráidbhaile Leamhcáin agus ár gcéad tionscadal feabhsúcháin ceantair ag ionad siopadóireachta Thigh Motháin. Cuireadh an dara céim de thionscadal tírdhreachtaithe an N81 i gcrích freisin. Tá na feabhsuithe seo ar fad, idir cinn atá idir lámha anois agus cinn atá beartaithe, luaite sa Straitéis Forbartha Eacnamaíochta, chomh maith leis an leathnú ar Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí agus an tIonad Nuálaíochta atá beartaithe i lár bhaile Thamhlachta a bhfuarthas tairiscintí ina leith i mí na Nollag. Is cuid lárnach dár Straitéis Forbartha Eacnamaíochta an phleanáil chun cinn freisin.

Ar an iomlán, fuair an Chomhairle cead sealadach do €186 milliún i maoiniú faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (URDF), lena n-áirítear
€176 milliún chun tacú le bonneagar i ndáil le Crios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa agus €10 milliún chun plaza lárnach agus foirgnimh chathartha a fhorbairt i gCrios Forbartha Straitéisí Bhaile Adaim. Tá sé seo sa bhreis ar an €35 milliún a ceadaíodh roimhe seo do thionscadail lár baile Thamhlachta.

Táimid ag tnúth le dul chun cinn leanúnach in 2022. Cé go bhfuil dúshláin fós ann, i gcomhthéacs saincheisteanna iarmharacha a bhaineann le COVID agus brúnna boilscithe eacnamaíocha, tá an-chuid fós romhainn. Ba cheart go mbeimis muiníneach as ár gcumas na dúshláin a bhainistiú agus forbairt an Chontae a chur chun cinn ar mhaithe le glúnta na linne seo agus na glúnta atá le teacht.

Danny McLoughlin,
Príomhfheidhmeannach

## Eolas faoin gComhairle

Tháinig Comhairle Contae Átha Cliath Theas i bhfeidhm ar 1 Eanáir 1994 agus feidhmíonn sí i limistéar 222.74 ciliméadar cearnach. Tá cathair Bhaile Átha Cliath ina teorainn thoir thuaidh, tá Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus Contae Chill Mhantáin ó dheas, agus tá Abhainn na Life ó thuaidh ina theorainn idir Fine Gall agus Contae Chill Dara san iarthar.

Tá 278,767 ina gcónaí sa Chontae i 92,363 teach de réir dhaonáireamh 2016, rud a léiríonn méadú daonra 5.1% ón daonáireamh roimhe seo in 2011. Tá sé seo níos airde ná an méadú daonra náisiúnta de 3.8% agus ar aon dul leis an leibhéal fáis i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Tá an Chomhairle comhdhéanta de 40 Comhalta Tofa scaipthe thar sheacht dtoghcheantar agus toghann na comhaltaí an Méara gach bliain. Mar aon leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, déanann sé (6) Choiste um Beartais Straitéiseacha polasaí a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Tá na coistí comhdhéanta de chomhaltaí tofa agus ionadaithe ó na hearnálacha gnó, feirmeoireachta, comhshaoil, pobail agus ceardchumann.

## Ár bpríomhsheirbhísí

Tá cúig phríomhréimse seachadta seirbhíse ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas, mar seo a leanas:

**Forbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta**

- Forbairt eacnamaíoch agus cur chun cinn an chontae le haghaidh infheistíochta
- Forbairt agus tacaí fiontraíochta
- Bainistíocht sócmhainní
- Seirbhísí leabharlainne, an oifig ealaíon agus bonneagar cultúrtha
- Cur chun cinn an chontae agus forbairt turasóireachta

**Úsáid Talún, Pleanáil agus Iompar**

- Bainistíocht Forbartha
- Pleanáil Chun Cinn
- Tógáil agus cothabháil bóithre
- Bainistíocht tráchta
- Soilsiú Poiblí
- Rialú tógála
- Cur chun cinn oidhreachta agus caomhnaithe

**Tithíocht, Forbairt Shóisialta agus Pobail**

- Soláthar Tithíochta Sóisialta
- Leithroinnt, cothabháil agus athchóiriú tithíochta
- Seirbhísí sóisialta, bainistíocht eastát agus forbairt pobail
- Tionscnaimh a thacaíonn le daoine breacaosta agus cuimsiú sóisialta
- Cláir spóirt agus tionscnaimh sláinte agus folláine

**Comhshaol, uisce agus athrú aeráide**

- Maolú agus oiriúnú don athrú aeráide
- Bainistíocht móréigeandála
- Dramhaíl agus forfheidhmiú
- Seirbhísí uisce agus draenála
- Seirbhísí tréidliachta
- Bainistíocht agus cothabháil fearann poiblí

**Cumas eagraíochta agus cuntasacht**

- Seirbhísí corparáideacha
- Bainisteoir acmhainní daonna
- Bainistíocht airgeadais
- Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide
- Seirbhísí ailtireachta
- Seirbhísí dlí

## Cruinnithe na Comhairle

In 2021, reáchtáladh 113 cruinniú den Chomhairle, den Choiste Eagraíochta, Nós Imeachta agus Airgeadais, den Ghrúpa um Beartas Corparáideach agus de na Coistí Ceantair iomlána mar seo a leanas:

- 11 chruinniú den Chomhairle Contae
- 1 Chruinniú Bliantúil
- 5 Chruinniú Speisialta den Chomhairle Contae
- 1 chruinniú maidir leis an mBuiséad Bliantúil
- 5 chruinniú den Choiste Eagraíochta, Nós Imeachta agus Airgeadais (1 chruinniú Buiséid Speisialta san áireamh)
- 11 chruinniú den Ghrúpa um Beartas Corparáideach
- Tháinig na ceithre Choiste Ceantair do Chluain Dolcáin, Leamhcán, Ráth Fearnáin / Teach Mealóg-Tamhlacht le chéile 10 n-uaire in 2021.

Anuas air sin, bhí:

- 25 cruinniú thar na 6 Choiste um Beartais Straitéiseacha
- 4 chruinniú den Chomhchoiste Póilíneachta (CCP)
- 5 chruinniú den Choiste Iniúchóireachta
- 2 chruinniú le haghaidh Chomhaltaí an Oireachtais
- 5 chruinniú den Phlean Forbartha Contae

## Coistí um Beartais Straitéiseacha

### CBS maidir le Cúrsaí Ealaíon, Cultúir, Gaeilge, Oidhreachta agus Leabharlanna

Comhaltaí Reatha na Comhairle: Alan Edge (Neamhspleách) - Cathaoirleach
Mick Duff (Neamhspleách)
Kenneth Egan (Neamhspleách)
Alan Hayes (Neamhspleách)
Peter Kavanagh (Neamhspleách)
Teresa Costello (Fianna Fáil)

Baill Earnála: Freda Manweiler - Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP)

| Dáta an chruinnithe | Saincheist bheartais a pléadh |
|---|---|
| 24/02/21 | • Téarnamh earnála - COVID<br>• Ról um Théarnamh Earnála Éire Ildánach, Chruinniú na nÓg, Music Generation etc.<br>• Leabharlanna nua a oscailt<br>• "Coiste na Gaeilge" - Fochoiste teanga<br>• Sparánacht um Athléimneacht na nEalaíon |
| 05/05/21 | • Coiste na Gaeilge<br>• Leabharlanna á n-athoscailt<br>• Comhchruinniú CBS |
| 01/09/21 | • Leabharlanna nua a oscailt<br>• Leabharlann na rudaí<br>• Coiste na Gaeilge<br>• Éire Ildánach<br>• Straitéis Forbartha na nEalaíon<br>• Léirithe beo áitiúla |
| 03/11/2021 | • Ceathrú an Chultúir<br>• Eolas chun dáta maidir le leabharlann<br>• Eolas chun dáta maidir leis na healaíona |

**CBS maidir le Forbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta**

Comhaltaí Reatha na Comhairle: Cathal King (Sinn Féin) – Cathaoirleach

Lynn McCrave (Fine Gael) Ronan
McMahon (Neamhspleách)
Leah Whelan (Dlúthpháirtíocht)
Ed O'Brien (Fianna Fáil)
Louise Dunne (Sinn Féin)
Liona O'Toole (Neamhspleách)
Pamela Kearns (An Lucht Oibre)

Baill Earnála: Jack McDonnell - Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath; Tamhlacht

Tara De Buitléar - LRP
Sherri Brennan - Comhlachas Tráchtála Gnó
John Kiberd - LRP

| Dáta an chruinnithe | Saincheist bheartais a pléadh |
|---|---|
| 10/02/2021 | • Ionad Nuálaíochta<br>• Tionscadail turasóireachta agus cur chun cinn Contae<br>• Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí<br>• Staid Thamhlachta<br>• Ionad Cuairteoirí Chlogáis<br>• Bailte Cinn Scríbe agus Leamhcán<br>• Tacaíocht fiontraíochta agus gnó |
| 12/05/2021 | • Tacaíochtaí gnó COVID<br>• Straitéis Bia a fhorbairt<br>• Geilleagar ciorclach/glas |
| 08/09/2021 | • Plean Forbartha Oifige Fiontair Áitiúil<br>• Staid Thamhlachta<br>• Geilleagar ciorclach/glas<br>• Ionad Nuálaíochta<br>• Bóthar Rochtana Chaisleán na Gráinsí Thiar |

| | |
|---|---|
| 24/11/2021 | • Beartas soilsithe an Chlógais<br>• Geilleagar ciorclach/glas<br>• Ionad Nuálaíochta<br>• Glasbhealach na Canálach Ríoga<br>• Bóthar Rochtana Chaisleán na Gráinsí Thiar<br>• Staid Thamhlachta |

**CBS maidir le Comhshaol, Fearann Poiblí agus Athrú Aeráide**

Comhaltaí Reatha na Comhairle: David McManus (Fine Gael) - Cathaoirleach
Emma Murphy (Fianna Fáil)
Dermot Richardson (Sinn Féin)
Madeleine Johansson (Dlúthpháirtíocht)
Francis Timmons (Neamhspleách)
Guss O'Connell (Neamhspleách)

Baill Earnála: Una Ruddock - LRP
Deirdre Mooney - Pobal Gnó Donal Anderson - Talmhaíocht agus Feirmeoireacht

| Dáta an chruinnithe | Saincheist bheartais a pléadh | Pléadh ag gach cruinniú |
|---|---|---|
| 16/02/2021 | • Athbhreithniú ar Gharraithe Scóir<br>• Straitéis um Luchtú Feithiclí Leictreacha<br>• Clár oiliúna um Athrú Aeráide<br>• Scéimeanna Maolaithe Tuilte agus Uisce Dromchla<br>• Straitéis Bonneagair Ghlais<br>• Straitéis um Páirceanna agus Spásanna Oscailte | • Beartas bainistíochta crann 'Ag Maireachtáil le Crainn'<br>• Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide<br>• Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta |
| 04/05/2021 | • Pleananna Bainistíochta Dramhaíola<br>• Criosanna Dícharbónaithe<br>• Straitéis um Páirceanna Spóirt<br>• Pleananna Aer agus Torainn<br>• Straitéis um Bonneagar Glas<br>• Straitéis um Páirceanna agus Spásanna Oscailte<br>• Plean Bainistíochta Abhantraí | |

| | | |
|---|---|---|
| 07/09/2021 | • Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta<br>• Plean Cáilíochta Aeir<br>• Scéimeanna Maolaithe Tuilte<br>• Fodhlíthe Corrthrádála<br>• Tascfhórsa um Rothair Streachailte agus Cuadrothair<br>• Straitéis um Bonneagar Glas<br>• Straitéis um Páirceanna agus Spásanna Oscailte<br>• Criosanna Dícharbónaithe | |
| 02/11/2021 | • Bainistíocht Réigiúnach Dramhaíola<br>• Maolú tuilte<br>• Plean Bainistíochta Abhantraí<br>• Plean um Pailneoirí<br>• Cur i láthair ag Comhairle na nÓg | |

## CBS maidir le Tithíocht

Comhaltaí Reatha na Comhairle: Deirdre O'Donovan (Fianna Fáil) – Cathaoirleach
Laura Donaghy (Comhaontas Glas)
Kieran Mahon (Dlúthpháirtíocht)
Joanna Tuffy (An Lucht Oibre)
Shane Moynihan (Fianna Fáil)
William Carey (Sinn Féin) Brian
Lawlor (Fine Gael)

Baill Earnála: Betty Tyrrell-Collard - Ceardchumann
Sharon Harty - LRP
Gerry Stockil - LRP

| Dáta an chruinnithe | Saincheist bheartais a pléadh |
|---|---|
| 11/02/2021 | • Clár Oibre 2021<br>• Aschur Tithíochta Sóisialta 2020<br>• Forbhreathnú ar sholáthar tithíochta sóisialta sa todhchaí<br>• Clár Cóiríochta don Lucht Siúil<br>• Eolas chun dáta maidir le leithdháiltí<br>• Eolas chun dáta maidir le cóiríocht atá á ligean ar cíos an athuair |
| 13/05/2021 | • Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh<br>• Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta<br>• Eolas chun dáta maidir le leithdháiltí<br>• Plean Straitéiseach um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas<br>• Córas Comhtháite Tithíochta<br>• Forbairtí tithíochta faoi stiúir na Comhairle |

| | |
|---|---|
| 11/09/2021 | • Tithíocht do Chách<br>• Forbairt Tithíochta Tionachta Measctha Chill an Ardáin<br>• Scéim Iasachta Carbhán<br>• Eolas chun dáta maidir le leithdháiltí<br>• Eolas chun dáta maidir le soláthar tithíochta<br>• Sonraí Oscailte / Córas Tithíochta Comhtháite<br>• Tionscadal Tithe Sláintiúla<br>• Bainistíocht Eastát / Forbairt Pobail<br>• Straitéis Fáltas<br>• Plean Straitéiseach um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas |
| 11/11/2021 | • Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta 2022 - 2026<br>• Eolas chun dáta maidir le seachadta tithíochta<br>• Plean Gníomhaíochta Reachtúil do Dhaoine gan Dídean 2022 - 2024<br>• Iompar Frithshóisialta<br>• Clár Cothabhála Pleanáilte agus Éifeachtúlacht Fuinnimh<br>• Tuarascáil Leithdháiltí agus Easpa Dídine<br>• Clár Oibre CBS 2022<br>• Tuairisc um Dheontais Tithíochta |

**CBS um Chúrsaí Sóisialta, Pobail agus Comhionannais**

Comhaltaí Reatha na Comhairle: Trevor Gilligan (Fianna Fáil) - Cathaoirleach
Paddy Holohan (Sinn Féin)
Vicki Casserly (Fine Gael)
Shirley O'Hara (Fine Gael)
Charlie O'Connor (Fianna Fáil)
Carly Bailey (Daonlathaithe Sóisialta)

Baill Earnála: Lynn Byrne - LRP
Daire Hennessy – LRP

| Dáta an chruinnithe | Saincheist bheartais a pléadh |
| --- | --- |
| 16/02/2021 | • Keep Well<br>• Deontais Phobail<br>• Eolas chun dáta maidir le Tionscnaimh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta<br>• Gradaim do Dhianiarracht sa Phobal<br>• Clár Oibre 2021 |
| 18/05/2021 | • Forbhreathnú ar Chomhpháirtíocht Spóirt<br>• Tionscnaimh rochtana comhionannais<br>• Clár a Thacaíonn le Daoine Breacaosta<br>• Keep Well<br>• Clár Imeachtaí Bealtaine<br>• Tionscadail chaipitil saoráidí pobail |
| 21/09/2021 | • Plean Áitiúla Spóirt<br>• Ciste Bonneagar Pobail<br>• Cuimsiú sóisialta<br>• Glais Slándála Baile / Aonocsaíd Charbóin / Teicneolaíochtaí Cúnta<br>• Bainistíocht Eastát / Forbairt Pobail<br>• Tionscadail Tithíochta Caipitil<br>• Tionscadal Tithe Sláintiúla<br>• Deontais Phobail |

| | |
|---|---|
| 16/11/2021 | • Sláintecare - Clár do Phobail Shláintiúla<br>• An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil<br>• Saoráidí pobail<br>• Mol Spóirt sa Phobal<br>• Bainistíocht Ionad Fóillíochta<br>• Forbhreathnú ar Dheontais 2022<br>• Tionscadail Tithíochta Caipitil<br>• Clár Oibre 2022<br>• Ciste um Rannpháirtíocht agus Feasacht ar Mhíchumas |

## CBS maidir le hÚsáid Talún, Iompar agus Pleanáil

Comhaltaí Reatha na Comhairle: Liam Sinclair (Neamhspleách) – Cathaoirleach
Paul Gogarty (Neamhspleách)
Derren Ó Brádaigh (Sinn Féin)
Baby Pereppadan (Fine Gael)
Eoin Ó Broin (Neamhspleách)
Yvonne Collins (Fianna Fáil)

Baill Earnála: Eoin Ahern - LRP

| Dáta an chruinnithe | Saincheist bheartais a pléadh |
|---|---|
| 25/02/2021 | • Dréacht-Fhodhlíthe<br>• Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath<br>• Cycle South Dublin<br>• Bithéagsúlacht |
| 27/05/2021 | • Creat Pleanála Bóithre an Náis<br>• Plean Forbartha Contae - Bonneagar Glas agus Spás Oscailte<br>• Plean Forbartha Contae - Gluaiseacht Inbhuanaithe<br>• Cluain Buiríosa |
| 23/09/2021 | • Creat Pleanála Bóithre an Náis (Imeall na Cathrach)<br>• Cluain Buiríosa<br>• Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta<br>• Plean Forbartha 2022 - 2028: eolas chun dáta maidir le dul chun cinn<br>• Treoir um Bainistíocht Feabhsúcháin Sráide<br>• Baile Adaim |

| | |
|---|---|
| 26/11/2021 | • Treoir um Bainistíocht Feabhsúcháin Sráide<br>• Plean Forbartha 2022 - 2028: eolas chun dáta maidir le comhairliúchán poiblí<br>• Baile Adaim<br>• Clár Oibre 2022<br>• Imeall na Cathrach<br>• Beartas maidir le hAinmniú Bonneagair<br>• Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath |

# Gradaim Chorparáideacha

## Dámhachtainí Sármhaitheasa Chambers i gCúrsaí Rialtais Áitiúil

**Buaiteoir Ghradam an Dea-Chleachtais i Rannpháirtíocht Pobail**
Bronnadh gradam an Dea-Chleachtais i Rannpháirtíocht Phobail ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas as an gcomhairliúchán poiblí a rinneadh don Phlean Forbartha Contae agus bronnadh an gradam do Thionscnamh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta orthu as an bPolasaí um Choigeartú Méide agus Leithdháileadh Cóiríochta a Thacaíonn le Daoine Breacaosta.

Cuireadh Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar an ngearrliosta freisin sna catagóirí seo a leanas:

**Ag Tacú le Pobail Inbhuanaithe**
Athfhorbairt ar Pháirc Chill an Ardáin agus nasc Glas nua

**Sláinte agus Folláine**
Zúmáil tríd an Díghlasáil

**Tacú le Turasóireacht**
Glasbhealach na Dothra

**Nuálaíocht Údaráis Áitiúil**
Líonra Téimh Ceantair Thamhlachta

**Timpeallacht Inbhuanaithe**
Plean Gníomhaíochta CCÁCT um Pailneoirí 2021– 2025

**An tSeirbhís Leabharlainne is fearr**
An Stiúideo Cruthaitheach mar chuid de Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh

**Féile na Bliana**
Seachtain na Gaeilge i mBaile Átha Cliath Theas

**Oidhreacht agus Timpeallacht Thógtha**

Mionpháirc Chaisleán na Gráinsí i gCluain Dolcáin

## Tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn an Phlean Chorparáidigh 2020-2024

### Dul chun cinn ar Tháscairí an Phlean Chorparáidigh

Roghnaíodh na táscairí seirbhíse áitiúla seo a leanas le tomhas thar thréimhse cúig bliana an Phlean Chorparáidigh:

| **Forbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta** | **Táscairí Feidhmíochta** | **Bunlíne sonraí 2019** | **Seachadta in 2021** |
|---|---|---|---|
| | Líon tionscnamh agus caiteachas tacaíochta gnó | 35 / €300,000 | 28 / €177,017 |
| | Líon na bpost arna gcruthú nó arna dtacú i bpáirc gnó Chaisleán na Gráinsí | 6,000 (lena n-áirítear Tógáil) | 7,500 (lena n-áirítear Tógáil) |
| | Líon na diúscairtí talún forbartha eacnamaíochta | 20 | 1 |
| | Líon na mball leabharlainne gníomhach | 47,462 | 29,045 |
| | An méid spáis leabharlainne i m2 | 5,798 | 7,791 |
| | Líon na bhféilte/imeachtaí turasóireachta | 11 | 2 |
| **Úsáid Talún, Pleanáil agus Iompar** | Líon na dtithe príobháideacha críochnaithe | 1,107 | 696 |
| | Méid na gcosán nua agus uasghrádaithe – m2 líneach | 74,644 | 68,200 |
| | Méid na gcosán nua agus uasghrádaithe – m2 líneach | 7,508 | 28,890 |
| | Scéimeanna feabhsúcháin lárionad sráidbhaile agus ceantair curtha i gcrích | 1 | 0 |
| | Líon na n-uasghráduithe soilsithe LED poiblí curtha i gcrích | 1,739 | 1,561 |
| | % na gcruinnithe réamhphleanála laistigh d'ocht seachtaine ón iarratas | 54% | 65% |
| **Tithíocht, Forbairt Shóisialta agus Pobail** | Líon na leithdháiltí nua tithíochta | 618 | 744 |
| | Daoine nach bhfuil gan dídean a thuilleadh / a stopadh a bheadh gan dídean | 738 | 725 |
| | Méid an chaiteachais chothabhála phleanáilte | €1.7m | €1.57m |
| | Líon cruinnithe idirghníomhaireachta | 39 | 44 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Líon na gcuairteoirí ar áiseanna fóillíochta na comhairle | 593,463 | 210,304 |
| | Líon na rannpháirtithe ar thionscnaimh spóirt agus sláinte agus folláine faoi stiúir na Comhairle | 136,187 | 80,600 |
| **Comhshaol, uisce agus athrú aeráide** | Tionscnaimh um ghníomhaíocht aeráide faoin bplean gníomhaíochta aeráide | 43 | 120 |
| | Líon na gcrann a cuireadh | 1,914 | 688 |
| | Líon na seisiún feasachta comhshaoil/aeráide | 131 | 226 |
| | Líon spásanna nua do dhéagóirí/páirceanna imeartha nua nó uasghrádaithe/áiseanna nua caitheamh aimsire gníomhacha | 15 | 11 |
| | Maoine atá cosanta ag scéimeanna cosanta tuilte[1] | 0 | 0 |
| | Coigilteas fuinnimh údaráis áitiúil[2] | 29.6% | N/Bh |
| **Cumas eagraíochta agus cuntasacht** | Daoine ar an gclár toghthóirí | 194,497 | 195,291 |
| | Ceisteanna faighte ó chustaiméirí | 78,006 | 83,715 |
| | Dúnadh fiosrúcháin ó chustaiméirí laistigh den spriocdháta | 72,814 | 74,269 |
| | Ionadaithe na gComhaltaí a fuarthas (nithe arna n-ardú ag Comhaltaí Tofa) | 9,609 | 10,233 |
| | Dúnadh ionadaithe na mball laistigh den spriocdháta | 4,925 | 5,580 |
| | Freagraí ar iarratais um Shaoráil Faisnéise/Rochtana Sonraí | 287 | 295 |
| | Saoránaigh a bhí rannpháirteach go gníomhach linn trínár dtairseach comhairliúcháin, suirbhé saoránach, agus vótaí buiséadaithe rannpháirtíoch | 6,164 | 9,410 |
| | Cúrsaí foghlama agus forbartha do gach ball foirne | 2.78 | 2 |

1 Tá scéimeanna maolaithe tuilte ar fáil chun maoine a chosaint sa phróiseas pleanála faoi láthair.

2 Tá figiúirí coigilte fuinnimh do 2021 á ríomh ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus níl siad ar fáil go fóill ach cuirfear san áireamh sa dréacht deiridh iad.

## Tuarascálacha ar sheachadadh seirbhíse agus cuspóirí an Phlean Chorparáidigh

### Forbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta

### Cuspóir 1: Timpeallacht ghnó thacúil a choinneáil

Cuireadh tús leis an obair thógála ar an gCeathrú Nuálaíochta i dTamhlacht. Foirgneamh ceithre stór 2,980mq a bheidh san Ionad Nuálaíochta lena mbaineann fiúntas suntasach ailtireachta a chuirfidh trí urlár de chóiríocht oifige solúbtha ar fáil chun tacú le fiontair nuathionscanta.

Chuir Oifig Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas raon leathan clár oiliúna agus ceardlann ar fáil agus ghlac thart ar 2,450 rannpháirtí páirt in 2021.

Reáchtáladh Seachtain Fiontraíochta Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas 2021 ar éirigh go maith léi idir Dé Luain an 1 agus Dé Sathairn an 6 Márta. Is comhoibriú í an tSeachtain Fiontraíochta Áitiúil idir grúpaí tacaíochta áitiúla agus rialtais, a bhfuil sé mar sprioc aici in 2021 cabhrú le gnólachtaí beaga agus le micreaghnóthais aghaidh a thabhairt ar na dúshláin eisceachtúla a bhaineann le COVID-19.

Chuir Oifig Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas breis is €2,100,000 ar fáil mar thacaíocht do ghnólachtaí áitiúla in 2021. Áiríodh leis seo €926,000 de Dheontais um Ghnóthú Nuathionscanta, Leathnaithe agus Féidearthachta ceadaithe agus breis is €1,000,000 ag tacú le cuideachtaí a ngnó ar líne a fhorbairt.

Osclaíodh spás fiontraíochta nua, ‘The Edge’, i Bolbrook le maoiniú curtha ar fáil i bpáirt ag an gComhairle.

Reáchtáladh Clár Fiontraíochta Mac Léinn i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.

D’oibrigh an Chomhairle le soláthraithe fáilteachais agus turasóireachta áitiúla chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú deontais faoin Scéim Infheistíochta um Fheabhsú Bia Amuigh Faoin Aer de chuid Fáilte Ireland.

Thug an tAire Stáit do Ghnó, Fostaíochta agus Miondíol, Damien English TD cuairt ar Oifig Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas chun teagmháil a dhéanamh leis na

foirne OFÁ agus lena gcliantchuideachtaí.

Comhaontaíodh maoiniú ciste tacaíochta gnó do Bhuiséad 2022 agus déanfaidh an Coiste um Beartas Straitéiseach (CBS) athbhreithniú ar na tionscadail agus na tacaíochtaí a mhaoinítear.

SCENE: Seoladh Líonra Geilleagair Chruthaitheach Bhaile Átha Cliath Theas.

### Cuspóir 2: Tacú le hinfheistíocht dhíreach eachtrach agus áitiúil sa Chontae agus í a mhéadú

Leanadh ag obair le Gníomhaireacht Forbartha Tionscail Éireann agus le Fiontraíocht Éireann chun Páirc Ghnó Idirnáisiúnta Chaisleán na Gráinsí a bhainistiú agus a chur chun cinn.

Bronnadh Gradam Sármhaitheasa Tógála ar Chaomhnú Chaisleán na Gráinsí agus ar an Mionpháirc in aice láimhe.

Thacaigh Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí le breis agus 5,300 post faoi dheireadh 2021.

Cuireadh tús le tógáil Bóthar Rochtana Chaisleán na Gráinsí Thiar, a éascóidh suas le 10,000 post, agus tá sé le críochnú go luath in 2022.

### Cuspóir 3: Sócmhainní an údaráis áitiúil a bhainistiú ar bhealach a thacaíonn go hiomlán le forbairt eacnamaíoch

Leanadh leis an Straitéis Dhigiteach áitiúil a chur i bhfeidhm, ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta Leathanbhanda.

Lean feidhm bhainistíochta réadmhaoine na Comhairle ag bainistiú agus riaradh banc talún na Comhairle go réamhghníomhach.

Bhí imeachtaí beo spóirt agus ceoil i Staid Thamhlachta, lena n-áirítear Sraith na hÉireann, cluichí sacair idirnáisiúnta agus go leor eile.

Thug breis is 72,000 duine cuairt ar Rua Red nó ar an Amharclann Phobail i dTamhlacht.

D’fhógair an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maoiniú €250,000 i dtreo athchóiriú Chearnóg Sheomra na Comhairle, Tamhlacht, chun rannpháirtíocht an phobail a chumasú ar feadh na bliana in imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha.

### Cuspóir 4: An méid a chuireann na healaíona, leabharlanna, oidhreacht agus an Ghaeilge le heispéireas cultúrtha an tsaoránaigh agus an chuairteora a uasmhéadú

Osclaíodh leabharlanna nua i gCaisleán Thigh Motháin agus i gCluain Dolcáin Thuaidh go hoifigiúil, agus seoladh leabharlann shoghluaiste nua.

Osclaíodh gairdín céadfach i Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh.

Chuir Féile Leabhar na Líne Deirge clár spreagúil imeachtaí ar fáil chun a deichiú bliain ar an bhfód a cheiliúradh agus reáchtáladh féile litríochta ar leith, Between the Red Lines, i mí Feabhra.

Leanadh le cur i bhfeidhm Phlean Forbartha na Leabharlainne 2018 – 2022.

Cuireadh cláir i bhfeidhm faoi na tionscnaimh Éire Shláintiúil, an Ceart chun Léamh agus Cúrsaí Oibre, de réir straitéisí náisiúnta.

Cuireadh dámhachtainí sparánachta ar fáil trí Sparánacht Taiscéalaíochta agus Smaointeoireachta na Comhairle do na healaíona luath-óige.

Reáchtáladh Eachtra Léitheoireachta Réaltaí Samhraidh bhliantúil de chuid Leabharlanna Átha Cliath Theas agus bhí Cruinniú na nÓg i mBaile Átha Cliath Theas 2021 ar siúl chun Lá Náisiúnta na Cruthaitheachta Óige in Éirinn a cheiliúradh.

Reáchtáil Leabharlann Thamhlachta a céad ComicFest riamh, le tacaíocht ó Chlár Éire Ildánach Bhaile Átha Cliath Theas.

Leanadh le rolladh amach 'Bréagán, Teicneolaíocht agus Oiliúint' chun tacaíocht agus áiseanna foghlama breise a sholáthar do phátrúin shóisearacha, dá dtuismitheoirí, dá gcúramóirí nó dá gcaomhnóirí agus do pháirtithe leasmhara eile a bhféadfadh deacrachtaí foghlama nó riachtanais bhreise eile a bheith acu.

Cuireadh clár cuimsitheach taibhithe beo i bhfeidhm i rith na bliana, lena n-áirítear ceolchoirm bheo shuntasach i Staid Thamhlachta.

Ar feadh cúig seachtaine i mí na Samhna agus mí na Nollag chuir an Mobile Music Machine sraith de dhaichead Ceolchoirm Chúraim um COVID ar fáil do chónaitheoirí tithe altranais ar fud an Chontae.

Áras Chrónáin's Seó Beo Arís: Reáchtáladh an tionscadal Revival of Live, arna thacú ag Oifig Ealaíon Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i mí Lúnasa.

Cheadaigh Comhaltaí Tofa Straitéis Forbartha Ealaíon ReFrame 2022 - 2026, a sholáthraíonn an creat chun seirbhísí ealaíon a sholáthar do shaoránaigh Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

### Cuspóir 5: Straitéis Turasóireachta a chur i bhfeidhm a dhíreoidh ar fhorbairt táirgí agus branda nua

Cuireadh plean brandála agus margaíochta chun cinn chun Staid Thamhlachta a chur chun cinn mar ionad imeachtaí a chuimseoidh ceol, féilte agus imeachtaí pobail.

Bronnadh seacht nDeontas um Aghaidh Shiopa in 2021 mar chomhlánú ar na hoibreacha feabhsúcháin sráidbhailte atá ar siúl ar fud Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

Reáchtáladh Aontaí Ceardaíochta na Nollag in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae. Leanadh ar aghaidh ag rolladh amach na Straitéise Margaíochta Turasóireachta agus an Plean Forfheidhmithe.

Chuir an Chomhairle Deontais Imeachtaí Turasóireachta agus Féile ar fáil d'eagraithe a bhí ag reáchtáil imeacht poiblí laistigh de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas de réir mar a laghdaíodh srianta COVID san fhómhar. Tharla sé seo tar éis Scéim Itheacháin Allamuigh sa samhradh a thug tacaíocht airgeadais do ghnólachtaí.

Rinneadh triail rathúil ar mhargadh uirbeach lasmuigh nua i bPáirc Chorcaí. Ag an bPicnic Uirbeach i bPáirc Chorcaí, bíonn bia sráide, ceardaíocht agus táirgí ceardaithe le siamsaíocht teaghlaigh curtha ar fáil chun cur leis an atmaisféar.

## Úsáid Talún, Pleanáil agus Iompar

### Cuspóir 1: Pleanáil straitéiseach le haghaidh fás athléimneach agus dlúthfhás

Rinneadh ullmhú fairsing ar an bPlean Forbartha Contae trí thabhairt faoi phróiseas láidir comhairliúcháin phoiblí.

Fuair an Chomhairle 1,036 iarratas pleanála agus rinneadh próiseáil orthu go léir.

Cheadaigh comhaltaí tofa clár oibre Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Theas i mí Aibreáin. Féachann an clár le hoibreacha a chur chun cinn ar 260km de lánaí rothar nua agus feabhsaithe ar fud an Chontae.

Bhronn an tÚdarás Náisiúnta Iompair €20,705,000 ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas le haghaidh bearta gníomhacha um thaisteal, siúl agus rothaíocht.

Monatóireacht agus comhordú gníomhach a dhéanamh ar sholáthar tithe agus bonneagair ar thailte laistigh dár gCriosanna Forbartha Straitéisí (CFSanna) agus Pleananna Limistéir Áitiúil, lena n-áirítear cur chun cinn a dhéanamh ar an gCiste Gníomhachtaithe Tithíochta Bonneagair Áitiúil, Nascbhóthar Chill Droichid agus Páirc Airlie a mhaoiniú agus seachadadh Pháirc Lána Tandy i CFS Bhaile Adaim a chur i gcrích.

Fuair an Chomhairle faomhadh na chéad chéime ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le haghaidh €186.3 milliún den Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbigh (URDF) chun sraith tionscadal bonneagair straitéisigh a sheachadadh laistigh de CFSanna Chluain Buiríosa agus Bhaile Adaim a chumasú. Cheadódh na tionscadail seo seachadadh tapa tithe nua sa dá cheantar seo.

Cuireadh leis an athbhreithniú reachtúil ar Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (2016 - 2035) le hÚdarás Náisiúnta na hÉireann.

Mar chuid de straitéis náisiúnta chun Baile Átha Cliath a athbheochan, sheol Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath comhiarracht um athnuachan uirbeach ar a dtugtar Tionscadal Imeall na Cathrach.

Lonnaithe ar imeall thiar Lár Chathair Bhaile Átha Cliath i gceantair Bhóthar an Náis, Bhaile an Mhóta agus na Páirce Thiar i limistéar a chlúdaíonn 700 heicteár, tá an tionscadal Imeall na Cathrach le bheith ar cheann de na tionscadail um athnuachan uirbeach is mó san Eoraip. Reáchtáladh comhairliúchán poiblí agus comhdháil idirnáisiúnta chun dúshláin agus deiseanna na bpleananna a phlé.

### Cuspóir 2: Áiteanna a nascadh trí thionscadail shoghluaisteachta inbhuanaithe

Casadh an fód ar shaoráid idirmhalartaithe bus nua d'Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life mar chuid de straitéis Bus Connects an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Osclaíodh Droichead Glasbhealach na Dothra go hoifigiúil ag ócáid leis an Aire Iompair agus leis an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan TD; fuarthas cead pleanála do chéim 4 de Ghlasbhealach na Dothra agus cuireadh tús le comhairliúchán poiblí neamhfhoirmiúil ar an rogha tosaíochta do chéim 5.

Cuireadh scéim taistil ghníomhach nua chun cinn feadh Bhóthar na Gráinsí idir Ascaill an Gharráin Chnó agus Céide Naomh Éanna i Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath, agus scéim taistil ghníomhach nua agus páirc phoiblí taobh leis an N81 ag Acomhal Ráth Miontáin.

Críochnaíodh scéimeanna um Thaisteal Gníomhach freisin ar Bhóthar Bhaile Uí Fhoirtcheirn agus feadh Bhóthar na Mainistreach a nascann Sráidbhaile Chluain Dolcáin anois le stáisiún LUAS na mBó Deirge.

Cuireadh Bóthar Ceangail Belgard Thuaidh i dTamhlacht i gcrích, bóthar a chuireann naisc fheabhsaithe feithicle agus taistil ghníomhacha ar fáil anois i dtailte athbheochana Bhaile an Chócaigh.

Ceadaíodh scéim nua um Thaisteal Gníomhach chun 1.4km a sheachadadh feadh Bhóthar Avonbeg i dTamhlacht, tá conraitheoir ceaptha agus tá tús le cur leis na hoibreacha i mí Eanáir 2022.

Fuarthas cead pleanála do Chuid 8 do réimse poiblí Lár Bhaile Thamhlachta agus don scéim idirmhalartaithe iompair agus bogadh an tionscadal seo go céim an

mhiondearaidh agus tá sé le tosú ar an láthair in 2022.

Bhain an Chomhairle, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, triail as áiseanna feabhsaithe do choisithe agus rothaithe feadh Bhóthar Wellington agus chuir siad tús le babhta neamhfhoirmiúil de chomhairliúchán poiblí maidir leis an dearadh roghnaithe don scéim bhuan.

Reáchtáladh an chéad bhabhta de chomhairliúchán poiblí neamhfhoirmiúil ar an dearadh roghnaithe do Ghlasbhealach Lúb na Canálach as ar tháinig feabhas mór ar naisc taistil ghníomhaigh idir an Chanáil Mhór agus Leamhcán mar chuid den chéad chéim.

Comhaontaíodh clár de thionscadail feabhsúcháin ar Shráid na Scoile le haghaidh taistil ghníomhach feabhsaithe agus oibreacha ceansaithe tráchta ag go leor scoileanna ar fud an Chontae agus cuireadh tús le hoibreacha deartha ag na chéad cheithre shuíomh scoile.

Rinne an Chomhairle glao poiblí ar iarratais ar sheastáin nua rothair agus ina dhiaidh sin, beartaíodh go gcuirfí seastáin rothar isteach i 30 scoil, 20 club spóirt agus seacht bpáirc agus cuireadh tús leis an obair in 2020.

Rinneadh Fodhlíthe Chomhairle Contae Átha Cliath Theas (Rialú Páirceála) 2021 le rún ón gComhairle i mí na Bealtaine.

Reáchtáladh an-chuid imeachtaí mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na Rothar ó 13 go 18 Meán Fómhair.

Lean an Grúpa um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile (RSWTG) ar aghaidh ag teacht le chéile le linn 2021 agus rinne siad maoirsiú ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Seachadadh clár cothabhála agus uasghrádú bliantúil 2021 agus chuimsigh sé uasghráduithe ar: 97,583 méadar cearnach de bhóthar; 74,985 sqm de chosán; agus 14,127 méadar cearnach de chosáin rothar.

Cuireadh an clár Cothabhála Geimhridh i ngníomh.

### Cuspóir 3: Tríd an timpeallacht thógtha, braistint pobail a chur chun cinn in áiteanna éagsúla i mBaile Átha Cliath Theas

Cuireadh tús le hoibreacha feabhsúcháin i Sráidbhaile Theach Mealóg mar chuid den scéim feabhsaithe sráidbhaile arna ceadú ag an gComhairle.

Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí ar iarratas pleanála reachtúil Chuid 8 do thionscadal feabhsúcháin Ionad Ceantair Chaisleán Thigh Motháin.

Ceapadh foireann chomhairleach chun scéimeanna Feabhsúcháin Shráidbhaile Leamhcáin a fhorbairt, lena n-áirítear dhá thogra. Ar an gcéad dul síos, rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar an mbealach isteach chuig Diméin Leamhcáin agus feadh Phromanáid na Life agus rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar Fhaiche an tSráidbhaile agus ar an bPríomhshráid. Mar chuid den fhorbairt dearaidh, reáchtáladh sraith de chomhairliúcháin neamhfhoirmiúla le páirtithe leasmhara áitiúla.

Rinneadh obair dheisiúcháin ar 5,543 solas poiblí ar fud an Chontae agus suiteáladh 1,561 soilse LED nua.

Tháinig an Coiste um Ainmniú Bonneagair le chéile faoi dhó agus d'aontaigh siad go dtabharfaí Droichead Jim Lawlor ar an droichead coisithe agus rothar thar an Dothra a nascann Baile an Bhábhúin agus Cill na nIníon. Comhaontaíodh plaic chomórtha freisin mar aitheantas ar an Dr Noël Browne (Aire Sláinte 1948 - 1951) agus ar na mná agus na fir sin go léir a throid ar son dhíothú na heitinne agus chun coinníollacha sóisialta an lucht oibre a chur chun cinn.

Tugadh tacaíocht leanúnach don uirlis náisiúnta r-Phleanála, agus cuireadh roghanna eile rannpháirtíochta poiblí ar líne de chuid na Comhairle chun cinn freisin.

Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Inmheánach don Bhithéagsúlacht chun struchtúir rialachais a sholáthar agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta.

Bhronn an Chomhairle Oidhreachta Gradam Contae ar an bhfíseán ‘Clondalkin’s Tangible Threads - Irish Crochet in the world of haute couture’ arna léiriú ag an gComhairle do Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2021.

Maoiníodh seacht dtionscadal trí €171,511 ó Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha agus cuireadh €99,511 ar fáil i gcistí giarála príobháideacha.

## Tithíocht, Forbairt Shóisialta agus Pobail

### Cuspóir 1: Tithíocht shóisialta agus inacmhainne ardchaighdeáin a sheachadadh ar fud an Chontae chun freastal ar riachtanais tithíochta

Forbraíodh Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta 2022-2026 ina leagtar amach moltaí chun 3,707 teach sóisialta nua a sholáthar ar fud an Chontae, chomh maith le 2,730 teach inacmhainne thar na cúig bliana atá romhainn amach.

Faomhadh comhaontú forbartha chun breis is 1,000 teach a sheachadadh, lena n-áirítear 310 teach sóisialta i gCill Cairbre, Cluain Dolcáin.

Ceadaíodh 620 teach nua (lena n-áirítear 125 teach sóisialta agus 372 teach inacmhainne) le haghaidh tailte faoi úinéireacht na Comhairle ag Cill an Ardáin, Tamhlacht.

Leanadh le forbairt 120 teach nua aoisbháúil i gcomhpháirtíocht le Clúid Housing in Achadh an Tobair agus Bealach Bhaile an Fhaoitigh i dTamhlacht.

Ceadaíodh trí fhorbairt nua de thithíocht aoisbháúil ag Páirc na bPiarsach, Faiche Aonghasa agus Corrán Rónáin.

Rinneadh dul chun cinn ar sheachadadh tithe sóisialta ag láithreáin i mBaile Baodáin, Leamhcán, Coill an Rí agus Cluain Dolcáin

### Cuspóir 2: Bainistíocht, tacaíochtaí agus rialáil tithíochta is fearr agus nuálaíoch a sholáthar chun tionachtaí, tionóntachtaí agus eastáit níos fearr a bhaint amach

Leanadh le bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar stoc tithíochta sóisialta na Comhairle lena mbaineann 9,688 teach.

Tugadh isteach córas tithíochta comhtháite nua ar líne chun seirbhís do chustaiméirí agus éifeachtúlacht eagraíochtúil a uasmhéadú.

Cruthaíodh sruth oibre cothabhála pleanáilte nua laistigh den Chomhairle chun

feabhas a chur ar an mbealach a chuirtear cothabháil phleanáilte agus timthriallach agus na cláir Aisfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh ar fáil.

Leanadh ar aghaidh leis an mBeartas um Choigeartú Méide agus Leithdháileadh Cóiríochta a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, ar bronnadh gradam Sármhaitheasa Chambers i gCúrsaí Rialtais Áitiúil air as Tionscnamh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta.

Faoi dheireadh 2021, bhí breis agus 4,800 tionóntacht ghníomhach faoin Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) (lena n-áirítear ÍCT feabhsaithe) sa Chontae, mar aon le 1,065 teach faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos.

Cuireadh an comhairliúchán ar Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath nua do Dhaoine gan Dídean 2022-2024 chun cinn agus leanadh ag obair le Fóram Easpa Dídine Bhaile Átha Cliath Theas chun tacaíocht a uasmhéadú do dhaoine gan dídean.

Riaradh ár leithdháileadh €2.9 milliún do Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta do dhaoine scothaosta agus an leithdháileadh €2,900,000 do dhaoine faoi mhíchumas agus tugadh isteach scéim phíolótach nua um Iasachtaí do Charbháin / Tithe Soghluaiste le leithdháileadh €450,000.

Bronnadh 411 deontas oiriúnaithe tithíochta chun tithe príobháideacha a bhí ann cheana féin a dhéanamh níos oiriúnaí do dhaoine faoi mhíchumas coirp, céadfach nó intleachta nó deacracht mheabhairshláinte air cónaí iontu.

## Cuspóir 3: Tionscnaimh chuimsithe, chomhionannais agus idirghníomhaireachta a threorú do phobail chomhtháite agus nasctha go sóisialta

Leanadh ar aghaidh leis an Straitéis Contae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, 2020 - 2024 a chur i bhfeidhm.

Seoladh Lámhleabhar Chumann na nÁitritheoirí atá dírithe ar chabhrú le cumainn áitritheoirí laistigh den Chontae a ngrúpaí a bhunú agus a reáchtáil.

Bhí an Fhéile um Chuimsiú Sóisialta ar siúl idir an 15 agus an 21 Samhain chun éagsúlacht shóisialta a chur chun cinn i gContae Bhaile Átha Cliath Theas agus reáchtáladh Féile na Bealtaine i mí na Bealtaine.

Lean an Comhchoiste Póilíneachta lena chuid oibre le hionadaithe pobail agus ionadaithe tofa mar aon leis an nGarda Síochána agus leis an gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna póilíneachta agus coireachta.

Soláthraíodh Tacaíochtaí Digiteacha Aoisbháúla do shaoránaigh trí dheontas Sláinte agus Folláine Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tugadh tacaíocht do thionscadal athléimneachta pobail do cheantar Bhaile Gadaí a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar shábháilteacht pobail agus ar chaighdeán maireachtála na gcónaitheoirí sa cheantar.

Eisíodh 224 Deontas Pobail ar ghrúpaí pobail agus grúpaí deonacha.
Tacaíodh le seoladh líonra LGBT+ ar fud an chontae.

Cuireadh maoiniú agus tacaíocht ar fáil don tionscadal ealaíne Creative Places a cuireadh ar fáil in eastát Mhic Uilliam, Tamhlacht.

Leithdháileadh an dara babhta de dheontais Chiste Éigeandála COVID-19 do ghrúpaí pobail.

Tugadh tacaíocht d'Fhóram Comhtháthaithe Imirceach Bhaile Átha Cliath Theas d'ionadaithe ó phobail nua i gContae Bhaile Átha Cliath Theas chun comhoibriú agus líonrú a dhéanamh agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa Chontae.

Rinneadh buiséad foriomlán €350,000 a riar don Chiste Bonneagair Phobail.

### Cuspóir 4: A bheith i gceannas ar Chontae sláintiúil, gníomhach agus rannpháirteach

Cheadaigh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil €365,000 do ghrúpaí áitiúla agus pobail faoi Chlár Feabhsaithe Pobail na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Leanadh le Plean Straitéiseach Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a chur i bhfeidhm.

Bhí rochtain ag breis agus 210,000 duine ar áiseanna fóillíochta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas i rith na bliana. Ghlac breis agus 74,000 rannpháirtí páirt i gceann amháin de na 587 clár spóirt a comhordaíodh in 2021. Tugadh tacaíocht do bhreis is 3,300 dalta ó 41 bunscoil chun páirt a ghlacadh sa Mharatón do Leanaí. Reáchtáladh Campaí Samhraidh na Comhpháirtíochta Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Tugadh tacaíocht chun trí chlub nua reatha sa Bhánóg, i gCluain Dolcáin agus i gCluain Dolcáin Thuaidh trí Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

Comhaontaíodh Comhaontú Leibhéal Seirbhíse leis an Roinn Sláinte faoin gClár Sláinte Cúram Pobail Sláintiúla chun oibriú le chéile chun éagothroime sláinte a laghdú trí aghaidh a thabhairt ar chinntithigh shóisialta ginearálta na sláinte i bpobail atá go mór faoi easnamh.

## Comhshaol, uisce agus athrú aeráide

### Cuspóir 1: Contae inbhuanaithe ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh aeráide de a chruthú

Leanadh ar aghaidh le Plean Gníomhaíochta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas um Athrú Aeráide (CCAP) 2019 - 2024 a chur i bhfeidhm agus tuairisc a thabhairt ar a dhul chun cinn.

Leanadh le gníomhartha ó Phlean Gníomhaíochta na Comhairle um Pailneoirí 2021 - 2025 a chur i bhfeidhm. Tá an Plean Gníomhaíochta um Pailneoirí bunaithe ar an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus leagtar amach ann raon leathan gníomhartha a bhfuil Comhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta dóibh sna cúig bliana amach romhainn.

Leanadh ar aghaidh ag tacú leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus d'oibrigh an Chomhairle i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath chun Pleananna Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus straitéisí réigiúnacha a sheachadadh.

Rinneadh dul chun cinn leis an obair tógála ar Líonra Téimh Ceantair agus Ionad Fuinnimh Thamhlachta. Soláthróidh Trading as Heatworks, an chéad chuideachta fuinnimh neamhbhrabúis faoi úinéireacht phoiblí in Éirinn, teas ísealcharbóin d’fhoirgnimh phobail áitiúla.

Tugadh cead pleanála do Scéim Maolaithe Tuile Shruthán an Teampaill Ghil agus leanamar ar aghaidh le scéimeanna maolaithe tuilte a chur chun cinn ar an bPoitéal agus ar an gCamóg.

Bhí oiliúint ar fáil ar líne don fhoireann maidir le pleanáil do mhóréigeandálaí chun tuiscint níos fearr a fháil ar róil an Údaráis Áitiúil faoin gCreat um Bainistíocht Móréigeandála chun freagairt d’aimsir chrua agus d’imeachtaí eile. Rinneadh cleachtadh gníomhachtúcháin in Ionad Scíthe le Cosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath agus Foireann Tithíochta agus Pobail Comhairle Contae Átha Cliath Theas.

Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht saoránach ar athrú aeráide le rolladh amach na chéad Seachtaine um Ghníomhú ar son na hAeráide i mBaile Átha Cliath, an Glantachán Náisiúnta Earraigh, Glantachán Pobail Bhaile Átha Cliath, Seachtain na hÉiceolaíochta, agus Ceardlanna Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

Seoladh Nuachtlitir um Ghníomhú ar son na hAeráide chun saoránaigh a choinneáil ar an eolas faoi obair na Comhairle ar son na haeráide agus cuireadh tús le mír nua a fhorbairt ar shuíomh gréasáin na Comhairle maidir le cúrsaí Athrú Aeráide.

### Cuspóir 2: Feabhas a chur ar chuma ár gContae ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta

Coinníodh Clár na Láithreán Tréigthe agus rinneadh 212 iniúchadh ar Fhoirgnimh Chontúirteacha / ar Shuíomhanna Tréigthe i rith na bliana.

Leanadh ar aghaidh le rolladh amach Plean Bainistíochta Bruscair 2020-2022, ag baint úsáide as tionscnaimh mhonatóireachta comhshaoil chun cabhrú le deireadh a chur le dumpáil mhídhleathach agus saincheisteanna bruscair eile.

Bronnadh Dámhachtainí an Bhrait Ghlais ar Pháirc Bhaile Uaitéir, Páirc Sheáin Bhreathnaigh, Páirc Thigh Motháin, Páirc Chorcaí agus Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin.

Reáchtáladh Canbhás Bhaile Átha Cliath Theas don cheathrú bliain as a chéile.

Comhaontaíodh agus rinneadh clár oibreacha feabhsúcháin do pháirceanna, don fhearann poiblí agus do spásanna oscailte in 2021 a chuimsigh 59 limistéar scéimeanna mionoibreacha arbh ionann é agus caiteachas iomlán de bhreis agus €1 milliún.

Rinneadh gníomhartha a aithníodh i bPlean na Comhairle um Pailneoirí lena n-áirítear gearradh bliantúil 145 heicteár de thalamh móinéir, cothabháil na gceapach bláthanna atá oiriúnach do phailneoirí agus ocht scéim nua plandála pailneoirí a chur leis.

Seachadadh raon tionscadal agus feachtas faoin gCiste Feasachta Frithbhruscair agus Frithghraifítí.

Soláthraíodh an conradh um scuabadh bóithre agus seirbhísí gaolmhara lena n-áirítear glanadh bliantúil gach lintéar bóthair agus soláthar seirbhísí rialaithe fiailí agus baint duilleog.

Seachadadh Deontas Aeráide Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ar bhonn píolótach.

Seoladh polasaí bainistíochta crann nua 'Ag Maireachtáil le Crainn 2021 - 2026' agus ag an am céanna, leanadh ar aghaidh ag feidhmiú clár rollach trí bliana um chothabháil crann.

Tosaíodh arís ar an dara céim d'oibreacha tírdhreacha an N81 tar éis dhianghlasáil COVID-19 in 2021 agus bhí sé beagnach críochnaithe faoi dheireadh na bliana.

### Cuspóir 3: Tacú le Líonra Bonneagair Ghlais ar fud an Chontae chun spás comhroinnte a sholáthar le haghaidh taitneamhachta, áineasa, cosaint bithéagsúlachta, bainistiú tuilte agus oiriúnú don athrú aeráide

Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Comhairle Contae Átha Cliath Theas á chur chun feidhme ar bhonn leanúnach.

Straitéis Páirce Spóirt CCÁCT curtha chun feidhme ar bhonn leanúnach.

Rinneadh scrúdú ar 14,466 crann ar fud an Chontae agus rinneadh 688 crann a chur agus 7,537 crann eile a phrúnáil.

Críochnaíodh agus osclaíodh spásanna súgartha i bPáirc Bhaile Mhic Craith, Páirc Lána Tandy agus sa Teampall Geal.

Críochnaíodh agus osclaíodh spásanna do dhéagóirí i bPáirc Bhaile Mhic Craith, i bPáirc Uí Choileáin agus i bPáirc Tandy.

Osclaíodh Páirc Lána Tandy go hoifigiúil ag searmanas leis an Aire Darragh O'Brien. Tá Páirc Lána Tandy thart ar 7 heicteár agus tá an-chuid cosán agus suíochán ann.

Críochnaíodh próiseas pleanála Chuid 8 maidir le huasghrádú Pháirc Chill an Ardáin.

Críochnaíodh próiseas pleanála Chuid 8 agus fuarthas €1.29 milliún ón mbuiséad caipitil don Ionad Idirghlúine i bPáirc Thigh Motháin

Críochnaíodh próiseas pleanála Cuid 8 le haghaidh Astro ag Páirc Sheáin Bhreathnaigh

agus cuireadh tús lena dhearadh mionsonraithe.

Rinneadh an chéad Straitéis Bonneagair Ghlais de chuid CCÁCT a ionchorprú sa Dréachtphlean Forbartha Contae atá á fhorbairt faoi láthair.

Leanadh le Straitéis Páirceanna agus Spáis Oscailte don Chontae a fhorbairt.

Osclaíodh an chéad áit callaistéinice agus cleachtaidh fheidhmiúil saintógtha in Éirinn i bPáirc Thigh Motháin.

Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin poiblí agus chuid 8 maidir leis na feabhsuithe agus uasghráduithe molta i bPáirc Chorcaí.

Cuireadh clár tógála an phailliúin ar aghaidh agus osclaíodh go hoifigiúil Pailliún an tSeanbhábhúin agus seoladh córas nuálach áirithinte ar líne don phailliún.

Rinneadh dul chun cinn ar an bpleanáil do bhogaigh ag cúig shuíomh i gcomhar le tionscadal LIFE Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath.

### Cuspóir 4: Riachtanais rialála, ceadúnaithe agus forfheidhmithe a bhainistiú, lena n-áirítear Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse.

Cuireadh na tosaíochtaí Náisiúnta um Chosc, Bainistiú agus Forfheidhmiú Dramhaíola do 2021 i bhfeidhm.

Cuireadh seirbhísí forghníomhaithe bruscair agus dramhaíola réamhghníomhacha ar fáil chun caighdeáin arda glaineachta a chinntiú sa Chontae.

Rinneadh Plean Iniúchta agus Comhlíonta Íoschritéir Molta le haghaidh Iniúchtaí Comhshaoil (RMCEI) a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus rinneadh breis agus 11,000 cigireacht comhshaoil ar fud na sruthanna oibre ceadúnaithe agus forfheidhmithe um Dramhaíl, Bruscar, Torann, Aer agus Uisce.

Leanadh den idirchaidreamh le hOifig Réigiúnach Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre chun gníomhartha agus spriocanna a chur i bhfeidhm faoi na hocht gcuspóir straitéiseacha den Phlean Bainistíochta Dramhaíola 2015 – 2021.

Cuireadh conarthaí monatóireachta comhshaoil chun cinn ar láithreáin líonta talún neamhúdaraithe stairiúla sa chontae agus rinneadh an feabhsúchán a bhí beartaithe ar líonadh talún Bhóthar na Bruíne.

Rinneadh saoráidí ceadúnaithe dramhaíola ag Baile an Mhóta agus Baile Artúir a bhainistiú go hardchaighdeán agus de réir théarmaí na gceadúnas dramhaíola ábhartha.

Glacadh le 30,016 tona d'ábhar dramhaíola san iomlán ag ionad athchúrsála chonláiste

cathartha Bhaile an Mhóta, as a ndearnadh 14,892 tonna a athchúrsáil agus an chuid eile a aisghabháil.

Rinneadh monatóireacht ar chomhlíonadh faoin reachtaíocht um Rialú Capall agus Rialú Madraí agus ceapadh Midland Animal Care Limited chun seirbhísí dídine madraí a sholáthar.

Comhaontaíodh an Plean Seirbhíse Bliantúil do 2021 le hUisce Éireann agus leanadh leis an tseirbhís a sholáthar faoi Chomhaontú Seirbhíse.

Bhíomar in éineacht le hUisce Éireann agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag casadh fód ar thaiscumar nua i dTeach Sagard. Comhaontaíodh Plean Seirbhíse 2021 le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann lena chur chun feidhme.

Leanadh leis an gclár beart a d'eascair as an bPlean Bainistíochta Abhantraí 2018 - 2021 a chur i bhfeidhm.

Tacaíodh le seachadadh Sheirbhísí Éigeandála agus Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.

Leanadh le cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Bhaile Átha Cliath um Thorann Timpeallachta, 2019 – 2023.

Seachadadh Plean Cáilíochta Aeir Réigiún Bhaile Átha Cliath 2021, inar leagadh amach 14 bheart leathana agus roinnt gníomhartha gaolmhara chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar luach teorann bliantúil dé-ocsaíd nítrigine.

Chomhaontaigh 12 Údarás Áitiúil an Oirthir maidir le plean oibre 2021 na bPríomh-Údaráis Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLA).

## Cumas eagraíochta agus cuntasacht

### Cuspóir 1: Tacú le ról beartais agus ceannaireachta na gcomhairleoirí chun rialtas áitiúil éifeachtach a sholáthar.

Reáchtáladh cruinniú bliantúil na Comhairle i mí an Mheithimh agus reáchtáladh cruinniú na Comhairle Buiséid do bhuiséad 2022 i mí na Samhna 2021. I rith na bliana, tacaíodh le 111 cruinniú ar fud na Comhairle iomlán, Grúpa Beartais Chorparáidigh, Coistí Ceantair, Nósanna Imeachta Eagrúcháin agus Airgeadais, Coistí um Beartais Straitéiseacha, an Comhchoiste Póilíneachta, agus le Comhaltaí an Oireachtais.

Foilsíodh Dréachtchlár na dToghthóirí, a tháinig i bhfeidhm ar an 15 Feabhra 2021 agus a bheidh i bhfeidhm go dtí an 14 Feabhra 2022, agus tá 194,077 duine cláraithe sa Chontae.

Reáchtáladh cruinnithe na Comhairle ar líne chun comhlíonadh a chinntiú le treoirlínte an rialtais maidir le scaradh fisiciúil.

Reáchtáladh feachtas promóisin maidir le clárú vótálaithe agus seoladh mír ar an suíomh gréasáin dar teideal 'Mná sa Pholaitíocht' agus físeán promóisin chun tacú le mná atá ag seasamh i dtoghcháin sa rialtas áitiúil.

Comhaontaíodh an chéad Chácas Ban i gComhairle Contae Átha Cliath Theas de Chomhaltaí Tofa reatha na Comhairle agus iar-Chomhaltaí Tofa na Comhairle agus an clár oibre.

Seoladh 'Coiste na Gaeilge' atá ag feidhmiú mar ghrúpa oibre de chuid an Choiste um Beartais Straitéiseacha Ealaíon, Cultúir, Gaeilge, Oidhreachta agus Leabharlann chun tacú le húsáid na Gaeilge agus an teanga a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne.

Reáchtáladh Gradam Cathrach Fháiltithe an Mhéara trí huaire le linn 2021 do Shamrock Rovers, Rhasidat Adeleke agus Jodie Brown ó Ealaíon Comhraic Thamhlachta chun a gcuid éachtaí suntasacha spóirt a cheiliúradh.

**Cuspóir 2: Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar a chaitear le gach úsáideoir seirbhíse le dínit, le meas agus le comhionannas.**

D'fheidhmigh Seirbhísí do Chustaiméirí le linn na paindéime agus chuir an fhoireann an tseirbhís ar fáil agus iad ag obair ón mbaile nuair ba ghá, ag baint úsáide as córais ar líne na Comhairle agus ag freagairt fóin. San iomlán, fuarthas agus freagraíodh 74,269 fiosrúchán custaiméara, 48,835 díobh a bhain le Tithíocht, agus freagraíodh 230,507 glao gutháin.

Seoladh Straitéis um Chlaochlú Seirbhísí do Chustaiméirí agus Seirbhísí Digiteacha, agus cuireadh grúpa oibre de bhainisteoirí sinsearacha ar bun ar fud na heagraíochta chun tacú go gníomhach le clár oibre um Chlaochlú Digiteach na Comhairle agus le Straitéis Aistrithe Cainéal a théann leis chun úsáid agus forbairt níos fearr sheirbhísí digiteacha na Comhairle a chur chun cinn.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar Chreat Cearta Daonna agus Comhionannas Chomhairle Contae Átha Cliath Theas in 2021 nuair a bunaíodh grúpa oibre trasrannach den fheidhmeannacht agus fostaíodh saineolas ar chomhionannais agus cearta daonna, chun oibriú le baill an ghrúpa oibre chun a dtuiscint a dhoimhniú ar cheisteanna cearta daonna agus comhionannas, an creat a fhorbairt tuilleadh agus a gclár oibre a chomhaontú.

Rinneadh 'Make Way Day' a cheiliúradh agus tacaíodh go gníomhach leis le seimineár ar líne; tugadh tacaíocht freisin don tSeachtain Inrochtaineachta Náisiúnta i mí na Samhna le himeachtaí agus feachtais chur chun cinn inar leagadh béim ar shaincheisteanna inrochtaineachta agus ar shamplaí dearfacha i gcleachtas.

Rinneadh Mí Bród, Lá Idirnáisiúnta Infheictheachta Trasinscne agus Lá Cuimhneacháin Idirnáisiúnta Trasinscneach a cheiliúradh trí na bratacha faoi seach a chur ar foluain ag Halla an Chontae. Reáchtáladh comhdháil fhíorúil 'Trans Pride at Work' i mí an Mhárta.

**Cuspóir 3: Cultúr láidir rialachais a chothú san eagraíocht.**

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile cúig huaire le linn 2021 chun a fheidhmeanna

reachtúla a chur i gcrích agus chun dearbhú a sholáthar maidir le rialachas corparáideach laistigh de Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Ina theannta sin, d'fhreastail Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta ar chruinniú na Comhairle Contae an 8 Samhain 2021 chun tuarascáil an Choiste maidir lena mbreithniú ar an Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2020 agus ar Thuarascáil an Iniúchóra a chur i láthair. Tuairiscíodh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta do 2020, a Chairt agus a Chlár Oibre do 2021 don Chomhairle le tabhairt faoi deara ag cruinniú na Comhairle i mí an Mhárta 2021.

Comhaontaíodh agus seoladh an Plean Soláthair Corparáideach 2021 – 2023. Tháinig an Grúpa Stiúrtha Soláthair le chéile sé huaire le linn 2021 chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht soláthair na Comhairle agus í a threorú, lena n-áirítear 71 tairiscint a fhoilsiú agus páirt a ghlacadh i 38 próiseas soláthair de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais agus seacht gcinn de phróisis soláthair de chuid Lárionad Soláthair Oibríochtúil an Rialtais Áitiúil.

Rinneadh 295 cinneadh a phróiseáil agus a eisiúint in 2021 maidir le hiarratais faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise, Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, um Chosaint Sonraí agus faoin reachtaíocht Ombudsman.

Foilsíodh an Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta faoin gCód Caiteachais Phoiblí agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta í.

Rinne na Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta don bhliain 2020 agus an Roinn Seirbhísí Corparáideacha anailís ar fheidhmíocht na Comhairle agus fuarthas gur bhain feidhmíocht an-mhaith le líon na gcigireachtaí ar cíos príobháideach agus rátaí folúntais tithíochta sóisialta a tugadh chun suntais, i gcomparáid le húdaráis áitiúla eile.

Fuarthas na Dearbhuithe Eitice do gach Comhairleoir agus don fhoireann ábhartha, agus cuireadh an clár ar fáil go poiblí. Foilsíodh dearbhuithe na gComhairleoirí go léir ar an suíomh gréasáin, mar aon le gach dearbhú síntiús polaitíochta agus an Clár Alt 142 de na híocaíochtaí go léir a rinneadh le Comhairleoirí, lena n-áirítear an íocaíocht ionadaíochta, an liúntas agus íocaíochtaí taistil agus cothabhála.

D'fhaomh an Chomhairle an Plean Bliantúil um Sheachadadh Seirbhíse do 2021 ag cruinniú na Comhairle i mí Feabhra agus faomhadh Tuarascáil Bhliantúil 2020 ag cruinniú na Comhairle i mí na Bealtaine. Cuireadh Tuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh don Chomhairle i láthair ag gach cruinniú den Chomhairle agus scaipeadh go forleathan ansin í ar na meáin shóisialta agus ar an suíomh gréasáin.

### Cuspóir 4: Cuir le muinín an phobail trí chumarsáid éifeachtach agus rannpháirtíocht saoránach a sheachadadh.

Reáchtáladh clár imeachtaí Sheachtain na Gaeilge i rith mhí an Mhárta.

Roghnaigh an pobal dhá thionscadal déag faoi stiúir an phobail le maoiniú a fháil i dtoghcheantar Thamhlachta Láir tríd an tionscnamh buiséadaithe rannpháirtíoch €300k Have Your Say.

Reáchtáladh Tionscnamh an Mhéara i mí an Mheithimh agus lonraíodh colún solais ó Staid Thamhlachta chun ómós a thabhairt dóibh siúd ar fad a d'oibrigh ar an líne thosaigh sa troid in aghaidh COVID-19 agus chun machnamh a dhéanamh ar thionchar na paindéime.

B'ionann an rochtain ar chainéil meán sóisialta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus thart ar 17 milliún postamharc agus b'ionann an teagmháil le postálacha meán sóisialta na Comhairle agus os cionn 480,000.

Luadh Comhairle Contae Átha Cliath Theas 1,140 uair i gclúdach na meán, idir na meáin áitiúla agus na meáin náisiúnta.

Foilsíodh eagrán samhraidh agus geimhridh de Nuachtlitir na Saoránach, chomh maith le heolas chun dáta rialta i nuachtlitreacha digiteacha foirne chun tacú leis an gcumarsáid chuig na páirtithe leasmhara go léir.

Féachadh breis agus 2,700,000 uair in 2021 ar leathanaigh ghréasáin shuíomh gréasáin na Comhairle www.sdcc.ie .

Fuarthas 9,410 freagra ar leith ó dhaoine a ghlac páirt i gcomhairliúcháin phoiblí agus i

dtionscnaimh rannpháirtíochta saoránach na Comhairle, méadú suntasach ar na blianta roimhe sin.

### Cuspóir 5: Cumas eagraíochtúil a fhorbairt chun tacú go gníomhach le seachadadh chuspóirí an Phlean Chorparáidigh agus an chláir athchóirithe rialtais áitiúil.

Lean Plean Sláinte agus Folláine na Comhairle ag tacú le fostaithe trí roinnt seimineár sláinte agus folláine a eagrú agus bhí an tArdán Digiteach Sláinte ar fáil don fhoireann agus do chomhaltaí tofa chun folláine mheabhrach agus fhisiciúil níos fearr a chothú.

Cuireadh tacaíochtaí díreacha breise ar fáil d'fhostaithe nuair ba ghá tríd an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe agus trí Oifigeach Leasa Foirne nua a fhostú. Leanadh ar aghaidh le monatóireacht agus tacaíocht a thabhairt do Shláinte agus Sábháilteacht na bhfostaithe go léir trí oibriú éifeachtach an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta agus an Ráitis Sábháilteachta Corparáidí.

Reáchtáladh sraith imeachtaí inmheánacha le haghaidh Sheachtain na Nuálaíochta 2021 chun nuálaíocht a chur chun cinn, a spreagadh agus a thacú laistigh den Chomhairle, lena n-áirítear na Gradaim Nuálaíochta Foirne, an clár nua Lean Six Sigma a sheoladh ar fud na Comhairle, agus Comhdháil Nuálaíochta náisiúnta a óstáil mar chuid den Roinn de chlár imeachtaí Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don tSeachtain Nuálaíochta.

Thug foireann feidhmiúcháin shinsearach na Comhairle faoi phróiseas pleanála fórsa oibre straitéiseach ar fud na foirne go léir, le tacaíocht ó bhunú Grúpa Straitéise Daoine tras-rannach ina bhfuil bainisteoirí sinsearacha páirteach ann agus atá dírithe go mór ar anailísíocht sonraí Acmhainní Daonna. Chuireamar tús freisin le hullmhúcháin chun Beartas um Obair Chumaisc foirmiúil a thabhairt isteach chun tacú leis an tionscnamh seo agus, ag an am céanna, chun ár dtiomantas do sholáthar seirbhísí poiblí den chaighdeán is airde a sholáthar go díreach do shaoránaigh agus do phobail áitiúla.

Chuir an Chomhairle fáilte roimh 165 ball foirne nua chuig an eagraíocht chun folúntais a líonadh, rud a fhágann go bhfuil os cionn 1,300 duine fostaithe sa Chomhairle anois. Chuireamar feabhas suntasach ar an gclár ionduchtaithe mar

thoradh ar aiseolas ó fhostaithe nua agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na paindéime d’fhostaithe nua.

Bhí an-áthas ar an eagraíocht go léir a gcreidiúnaithe a fháil an athuair ar chaighdeán fostóirí creidiúnaithe FGL d’Innealtóirí Éireann ar feadh uastréimhse 3 bliana tar éis an mhóriniúchta a rinneadh ar ár gclár FGL.

### Cuspóir 6: Úsáid na Comhairle as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a chur chun cinn trí thionscnaimh shlána, nua-aimseartha agus chliste a reáchtáil a chumasaíonn eispéiris agus torthaí níos fearr i seachadadh seirbhísí

Tacaíocht agus seachadadh teicneolaíochta a bhunú ar fud na heagraíochta chun a chinntiú go leantar le seachadadh seirbhíse le linn na paindéime.

Cinntíodh go ndéantar bearta cibearshlándála na Comhairle a athbhreithniú, a thabhairt cothrom le dáta agus monatóireacht a dhéanamh orthu i gcónaí, chomh maith le feasacht a chothú i measc na foirne.

Rinneadh cumas painéal a fhorbairt ar mhaithe le monatóireacht agus tuairisciú feidhmíochta.

Tacaíodh le seachadadh tionscadal ar fud na heagraíochta trí néaltheicneolaíochtaí agus uirlisí agus áiseanna eile ar líne a sholáthar.

### Cuspóir 7: Córais láidre bainistíochta airgeadais agus bainistíochta riosca a sholáthar

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár riosca ar fud na heagraíochta.

Leanadh ar aghaidh le monatóireacht agus cur chun cinn inmheánach a dhéanamh ar an gCóras Monatóireachta Tionscadal Caipitil a dhéanann dul chun cinn na dtionscadal a rianú chun faisnéis iontaofa agus cothrom le dáta a sholáthar a éascaíonn comhordú níos fearr agus bainistíocht níos éifeachtaí do sheachadadh na dtionscadal.

Leanadh leis an aonad bainistithe fiachais a fhorbairt chun billeáil ioncaim agus bainistiú fiachais tráthúil a chinntiú ar fud na heagraíochta.

D'ullmhaigh sé na cuntais bhliantúla lena n-iniúchadh de réir Chód Cleachtais agus Rialacháin Chuntasaíochta na nÚdarás Áitiúil um Chuntasaíocht in Éirinn.

Rinneadh monatóireacht agus rialú gníomhach ar Bhuiséad Bliantúil 2021 agus eisíodh tuarascálacha ráithiúla chuig an gComhairle agus chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Rinneadh an clár caipitil trí bliana a chuimsíonn tionscadail €751 milliún a fhorbairt do 2022 – 2024.

Chuathas i gcomhairle leis an bpobal maidir leis an nós imeachta um athrú cánach maoine áitiúil agus cuireadh moltaí faoi bhráid chomhaltaí tofa lena bhfaomhadh.

Ghlac an Chomhairle le buiséad Ioncaim 2022 arbh ionann é agus €282 milliún.

Ullmhaíodh Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2020 agus cuireadh cuntais iniúchta agus tuarascáil iniúchta faoi bhráid na Comhairle agus an Choiste iniúchóireachta ina dhiaidh sin.

## Aguisíní

### Aguisín 1.1 Ráitis airgeadais

Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) an 31 Nollaig 2021 (Gan iniúchadh)

| | **Glan-chaiteachas €** | **Ioncam 2021 €** | **Glan-chaiteachas €** |
|---|---|---|---|
| Tithíocht agus Togáil | 83,654,125 | 85,988,469 | (2,334,344) |
| Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht | 30,265,657 | 6,112,547 | 24,153,110 |
| Seirbhísí Uisce | 12,097,928 | 8,545,179 | 3,552,750 |
| Bainistíocht Forbartha | 19,473,384 | 10,995,747 | 8,477,637 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 36,046,397 | 5,110,257 | 30,936,140 |
| Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht | 38,559,537 | 5,660,534 | 32,899,003 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Folláine | 1,431,956 | 601,046 | 830,911 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 35,377,980 | 44,243,282 | (8,865,302) |
| **Caiteachas / Ioncam Iomlán** | **256,906,965** | **167,257,061** | |
| | | | |
| **Glanchostas na Rannán le maoiniú ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil** | | | **89,649,904** |
| Rátaí | | | 131,418,709 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 5,449,671 |
| **Barrachas/(easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe** | | | **47,218,476** |
| **Aistrithe ó / (chuig) Cúlchistí** | | | (47,191,515) |
| **Barrachas/(easnamh) don Bhliain** | | | **26,961** |
| **Cúlchiste Ginearálta an 1 Eanáir 2021** | | | 12,210,776 |
| **Cúlchiste Ginearálta an 31 Nollaig 2021** | | | **12,237,737** |

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Oibríochtaí | 2,156,328,553 | 2,128,057,110 |
| Bonneagar | 1,151,706,525 | 1,136,198,253 |
| Pobal | 11,385,832 | 11,631,281 |
| Neamh-Oibríochta | 88,543,225 | 83,798,948 |
| | **3,407,964,136** | **3,359,685,593** |
| **Obair ar Siúl agus Réamhchostais** | 72,716,391 | 79,791,799 |
| **Féichiúnaithe Fadtéarmacha** | 195,246,399 | 188,130,089 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoic | - | - |
| Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí | 55,722,856 | 63,796,289 |
| Infheistíochtaí Bainc | 412,170,467 | 335,370,466 |
| Airgead sa Bhanc | 9,612,240 | 36,736,854 |
| Airgead ar Iompar | 33,676 | 33,676 |
| | **477,539,238** | 435,937,285 |
| **Dliteanais Reatha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Rótharraingt Bhainc | - | - |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 110,200,473 | 104,107,487 |
| Léasanna Airgeadais | - | - |
| | **110,200,473** | 104,107,487 |
| **(Glandliteanais)/Glansócmhainní Reatha** | **367,338,765** | 331,829,798 |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 170,396,717 | 178,147,941 |
| Léasanna Airgeadais | - | - |
| Taiscí inaisíoctha | 33,858,775 | 31,814,255 |
| Eile | 62,958,849 | 50,677,957 |

| | | |
|---|---|---|
| | **267,214,340** | 260,640,153 |
| Glansócmhainní Iomlána | **3,776,051,350** | 3,698,797,125 |
| **Arna léiriú ag** | | |
| Cuntas Caipitlithe | 3,407,964,136 | 3,359,685,593 |
| Ioncam WIP | 73,719,608 | 87,457,637 |
| Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | 12,237,737 | 12,210,776 |
| Cúlchistí Sonracha Eile | - | - |
| Iarmhéideanna Eile | 282,129,869 | 239,443,119 |
| | | |
| **€** | **3,776,051,350** | 3,698,797,125 |

## Aguisín 1.2 Siamsaíocht agus costais ghaolmhara

Ceanglaítear le halt 76 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 go ndéanfaidh tuarascáil bhliantúil údaráis áitiúil an caiteachas agus sonraí eile a thaifeadadh maidir le fáiltithe agus siamsaíocht a sholáthar i ndáil le:

a. Daoine oirirce, agus
b. Maidir le himeachtaí speisialta a reáchtáil a bhaineann lena fheidhm.

De bhun an cheanglais seo, dearbhaíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas leis seo go raibh an figiúr seo €833.00 san iomlán do 2021.

## Aguisín 2.1 Comhaltaí Tofa Reatha

**Cluain Dolcáin**

| | |
|---|---|
| An Clr Trevor Gilligan | FF |
| An Clr Shirley O'Hara | FG |
| An Clr Kenneth Egan | FG |
| An Clr Francis Timmons | NS |
| An Clr William Joseph Carey | SF |
| An Clr Peter Kavanagh | NS |
| An Clr Eoin Ó Broin | DS |

**Ráth Fearnáin – Teach Mealóg**

| | |
|---|---|
| An Clr Carly Bailey | DS |
| An Clr Yvonne Collins | FF |
| An Clr Lynn McCrave | FG |
| An Clr Pamela Kearns | LO |
| An Clr Ronan McMahon | NS |
| An Clr David McManus | FG |
| An Comhairleoir Laura Donaghy | Glas |

**Leamhcán**

| | |
|---|---|
| An Clr Ed O'Brien | FF |
| An Clr Vicki Casserly | FG |
| An Clr Liona O'Toole | NS |
| An Clr Paul Gogarty | NS |
| An Clr Joanna Tuffy | LO |

**Baile Phámar – Cluain Dolcáin Thuaidh**

| | |
|---|---|
| An Clr Guss O'Connell | NS |
| An Clr Derren Ó Brádaigh | SF |
| An Clr Madeleine Johansson | PSB |
| An Clr Alan Hayes | NS |
| An Clr Shane Moynihan | FF |

**Teach na Giúise – Bóthar na Bruíne**

| | |
|---|---|
| Suíochán Folamh | Glas |
| An Clr Deirdre O'Donovan | FF |
| An Clr Brian Lawlor | FG |
| An Clr Emma Murphy | FF |
| An Clr Alan Edge | NS |

**Tamhlacht Láir**

| | |
|---|---|
| An Clr Kieran Mahon | SOL |
| An Clr Charlie O'Connor | FF |
| An Clr Mick Duff | NS |
| An Clr Teresa Costello | FF |
| An Clr Cathal King | SF |
| An Clr Liam Sinclair | ARG |

**Tamhlacht Theas**

| | |
|---|---|
| An Clr Patrick Pearse Holohan | NS |
| An Clr Leah Whelan | SOL |
| An Clr Dermot Richardson | SF |
| An Clr Louise Dunne | SF |
| An Clr Baby Pereppadan | FG |

## Aguisín 2.2 Íocaíochtaí déanta le Comhairleoirí in 2021

Íocaíochtaí déanta le Comhairleoirí faoi Alt 142 den Acht Rialtais Áitiúil

- Íocaíochtaí Ionadaíochta Iomlán €859,825.18
- Liúntas Coiste Ceantair €21,144.33
- Íocaíochtaí Míosúla €251,777.29
- Costais Dheimhnithe €18,667.01
- Liúntas Chathaoirleach an Choiste um Beartais Straitéiseacha - Iomlán €45,000.00
- Liúntas an Mhéara €29,892.20
- Liúntas an Leas-Mhéara €5,979.48
- Oiliúint €7,310.24
- Comhdhálacha €3,123.37
- Íocaíochtaí Eile €1,676.20

Iomlán na gcostas a íocadh le Comhaltaí i leith freastal ar chruinnithe na Comhairle Contae agus a Coistí €1,244,395.29

## Aguisín 2.3 Ballraíocht Comhairle de Choistí agus Comhlachtaí Eile

**Cathaoirligh na gCoistí Ceantair**

| | |
|---|---|
| Cluain Dolcáin | An Clr Francis Timmons |
| Leamhcán / Baile Phámar / Cluain Dolcáin Thuaidh | An Clr Joanna Tuffy Ráth |
| Ráth Fearnáin / Teach Mealóg / Teach na Giúise / Bóthar na Bruíne | An Clr Alan Edge |
| Tamhlacht | An Clr Teresa Costello |

**Coiste Iniúchóireachta**

Is é seo a leanas comhdhéanamh an Choiste Iniúchóireachta in 2021:

- Eilis Quinlan, (Cathaoirleach) Quinlan and Co Chartered Accountants
- Ann Horan, Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
- George Kennington, Iniúchadh Comhpháirtí, Crowe Ireland
- Martin Nolan, Stiúrthóir Comhlíonta agus Caighdeáin Ghairmiúla, Relate Software.
- An Clr Ed O’Brien*
- An Clr David McManus
- An Clr Guss O'Connell
- An Clr Teresa Costello*

* I mí Dheireadh Fómhair 2021, tháinig an Comhairleoir Teresa Costello in ionad an Chomhairleora Ed O’Brien ar an gcoiste.

**Ballraíocht an Chomhchoiste Póilíneachta (CCP) don bhliain 2021**

An Clr Peter Kavanagh, Méara

An Clr Emma Murphy,Cathaoirleach

An Clr Yvonne Collins

An Clr Carly Bailey

An Clr Derren O Bradaigh

An Clr Mick Duff

An Clr Louise Dunne

An Clr Cathal King

An Clr Lynn McCrave

An Clr Shane Moynihan

An Clr Eoin Ó Broin

An Clr Deirdre O'Donovan

An Clr Shirley O'Hara An Clr Liona

O'Toole An Clr Baby Pereppadan

Sean Crowe TD John

Lahart TD Emer Higgins

TD Paul Murphy TD

Mark Ward TD

Colm Ward, Comhairle Contae Átha Cliath Theas

An tArd-Cheannfort Finbarr Murphy

An tArd-Cheannfort Peter Duff

An Ceannfort Ian Lackey

Gemma Carton, Rannóg Astiúrtha an

Gharda Síochána

James Phibbs, an Garda Síochána

Sue Dorgan, LRP

Enda Creegan, LRP

Emer Meighan, LRP

Trevor Bissett – an Tascfhórsa Pobail um Dhrugaí agus Alcóil

Grace Hill,  - an Tascfhórsa Pobail um Dhrugaí agus Alcóil

**Coiste Forbartha Pobail Áitiúil na hIarmhí (CFPÁ)**

| Ionadaí | Earnáil |
|---|---|
| Máire Corcoran | Pobal |
| Phil Mulvaney | |
| Tony Fegan | |
| Larry O Neill | Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas |
| Tricia Nolan | Colún an Phobail - LRP |
| Gerry Stockil | |
| Kattia Sile Tomney | |
| Justin Byrne | Colún an Chomhshaoil - LRP |
| Aiden Lloyd | Colún um Chuimsiú Sóisialta - LRP |
| Muiris Walsh | |
| Jessica Conlon | |
| Bibiana Savin | |
| Andy Leeson | Seirbhísí Óige |
| An Clr Kieran Mahon | Ionadaithe Tofa |
| An Clr Alan Hayes | |
| An Clr David McManus | |
| Colm Ward | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| Thomas Rooney | Oifig Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas |
| Pádraig Rehill | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Margaret McQuillan | |
| Deirdre McKeon | BOO BÁC agus Dún Laoghaire |
| Marguerite Gallagher | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| Eugene Donnelly | |

## Aguisín 3 Oiliúint agus comhdhálacha ar freastalaíodh orthu

| Ainm | Dáta | Suíomh |
| --- | --- | --- |
| AILG Modúl 1 | 16/09/21 | Ciarraí |
| | 18/09/21 | Láirge |
| | 23/09/21 | Cill Mhantáin |
| | 02/10/21 | Sligeach |
| | 05/10/21 | Tiobraid Árann |
| | 07/10/21 | Gaillimh |
| An Chomhdháil Cheilteach – Sláinte agus Sábháilteacht | 24/09/21 – 26/09/21 | Corcaigh |
| An Chomhdháil Cheilteach – Meabhairshláinte | 08/10/21 – 10/10/21 | Corcaigh |
| Comhdháil Bhliantúil LAMA | 03/11/21 – 05/11/21 | Sligeach |
| AILG Modúl 2 | 06/11/21 | Gaillimh |
| | 10/11/21 | Cill Chainnigh |
| | 17/11/21 – 19/11/21 | Loch Garman |
| Comhdháil Institiúid Pleanála na hÉireann | | |

## Aguisín 4 Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Ceanglaíonn Alt 42 den Acht Rialtais Áitiúil 2014 ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint don bhaill foirne, d'úsáideoirí seirbhísí agus do thairbhithe beartais ar fud a gcuid feidhmeanna go léir. Go sonrach, tá sé de dhualgas do chomhlachtaí poiblí trí chéim a chur i bhfeidhm:

1. **Measúnú:** sainaithint a dhéanamh ar na saincheisteanna atá os comhair na ngrúpaí a ainmnítear sa Dualgas a bhfuil baint acu le feidhmeanna Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.
2. **Aghaidh a thabhairt ar:** seiceáil a dhéanamh ar phleananna agus beartais ag an dréacht deiridh nó ag an gcéim athbhreithnithe chun seiceáil a dhéanamh ar na gníomhartha atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo agus féachaint an bhfuil gá le gníomhartha breise chun freagra leordhóthanach agus cuí a thabhairt ar na saincheisteanna seo.
3. **Tuairisciú:** tuairisc a thabhairt go bliantúil ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an Dualgas a chur i bhfeidhm agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a sainaithnítear.

Is iad na grúpaí a sainaithnítear maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí ná:

- iad siúd a chumhdaítear leis na forais faoinár reachtaíocht comhionannais: inscne (féiniúlacht inscne san áireamh); stádas sibhialta; stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus cúramóirí); aois ; míchumas; gnéaschlaonadh; cine (a chuimsíonn cine, dath, náisiúntacht agus bunús eitneach nó náisiúnta); creideamh ; agus ballraíocht den Lucht Siúil; agus
- grúpaí a chumhdaítear le foras an stádais shocheacnamaíoch, atá i mbaol bochtaineachta agus eisiamh sóisialta, nó atá thíos leo.

In 2021, bhunaigh an Chomhairle an Grúpa Oibre um Chomhionannas agus Cearta an Duine chun treoir agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Dhualgas um Chomhionannas na hEarnála Poiblí agus Cearta an Duine.

Go dtí seo, tá na nithe seo a leanas bainte amach ag an ngrúpa oibre:

- Glacadh páirt in oiliúint maidir le comhionannas agus le cearta an duine, agus go sonrach maidir leis an Dualgas,
- Forbraíodh ráiteas luachanna um chomhionannas agus cearta an duine don eagraíocht ina leagtar amach tagarmharcanna dár n-uaillmhian chun an Dualgas a chur i bhfeidhm,
- Bailíodh agus críochnaíodh measúnú ar na saincheisteanna um chomhionannas agus cearta an duine a mbíonn ar na grúpaí sainaitheanta aghaidh a thabhairt orthu agus a bhaineann lenár bhfeidhmeanna, agus an chéad chéim den Dualgas á comhlíonadh againn,
- Cuireadh an measúnú ar shaincheisteanna i láthair trasghearradh d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ionadaíoch ar na grúpaí sainaitheanta; glacadh lena rannchuidiú agus rinneadh an measúnú a bhailíochtú,
- Dréachtaíodh creat mionsonraithe Chomhairle Contae Átha Cliath Theas um chomhionannas agus cearta an duine chun an Dualgas a chur i bhfeidhm,
- Sainaithníodh príomhdheiseanna chun an Dualgas a chur i bhfeidhm le linn 2022, lena n-áirítear straitéisí nua, agus athbhreithniú ar bheartais reatha agus nósanna imeachta oibriúcháin sa chéad phlean oibre bliantúil a forbraíodh don Dualgas,
- Ullmhaíodh dréachtfheachtas cumarsáide le cur i bhfeidhm in 2022.

## Aguisín 5 Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Cuirfear an Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh do 2021 san áireamh leis Tuarascáil Bhliantúil iomlán nuair a bheidh an tuarascáil tugtha chun críche.

## Aguisín 6 Nochtuithe Cosanta

Éilíonn Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 go bhfoilseofar tuarascáil bhliantúil maidir le Nochtadh Cosanta ar bith a fuarthas.

De bhun an cheanglais seo, dearbhaíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas leis seo nach bhfuarthas tuairisc ar bith in 2021.

## Aguisín 7 Táscairí Áitiúil Feidhmíochta

| **Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athraithe** | **Iomlána 2021** |
|---|---|
| Líon na gCeisteanna faighte ó Chustaiméirí | 83,715 |
| Líon na gCeisteanna ó chustaiméirí a dúnadh laistigh den spriocdháta | 74,269 |
| Líon na nIonadaíochtaí ó Chomhaltaí a fuarthas | 10,233 |
| Líon na nIonadaíochtaí ó Chomhaltaí a dúnadh laistigh den spriocdháta | 5,580 |
| Líon na nIarratas um Shaoráil Faisnéise/Rochtana Sonraí ar tugadh freagra orthu | 295 |
| Líon na Saoránach páirteach go gníomhach i gcomhairliúcháin na Comhairle (lena n-áirítear an tairseach comhairliúcháin, suirbhéanna saoránach agus vótaí PB) | 9,410 |
| Glaonna gutháin freagartha | 230,507 |
| Freagartha laistigh de 20 soicind (%) | 94.325 |
| Ceisteanna ó na meáin a freagraíodh | 348 |
| Líon na gceisteanna 'deisigh do shráid' a freagraíodh | 5,654 |
| Clúdach na Meán Sóisialta | 16,673,289 |
| Rannphártíocht trí na Meáin Shóisialta | 482,378 |
| Leathanaigh ghréasáin a osclaíodh | 2,275,387 |
| Líon na Foirne Fostaithe - Coibhéis Lánaimseartha Iomlán | 1,311 |
| % ráta tinrimh ar chúrsaí | 85.4167 |
| % an Chláir Oiliúna don 2020 a soláthraíodh (Aibreán go Aibreán) | 42.333 |
| Printíseachtaí / céimithe | 23 |
| Líon na bhFiosrúchán/Gearáin Cúraim do Chustaiméirí a fuarthas i nGaeilge | 0 |
| | |
| **Forbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta** | |
| OFÁ - poist a fuair tacaíocht | 45 |
| OFÁ - tionscadail cheadaithe | 32 |
| OFÁ - rannpháirtithe oiliúna | 2,081 |
| OFÁ - seisiúin mheantóireachta | 573 |
| Caiteachas ar dheontais tacaíochta gnó | 17,116.15 |

| | |
|---|---|
| Caiteachas deontas tacaíochta gnó (tionscadail) | 22 |
| Tionscnamh gnó le cruinnithe Chambers | 211 |
| Deontais aghaidh siopa íoctha | 64,675 |
| Poist choinnithe i gCaisleán na Gráinsí | 5,328 |
| Leabharlann - cuairteoirí i bpearsa | 271,794 |
| Leabharlann - cuairteoirí ar líne | 99,887 |
| Leabharlann - míreanna a tógadh ar iasacht | 681,823 |
| Leabharlann - seisiúin ríomhaire | 10,438 |
| Leabharlanna - imeachtaí a óstáladh | 2,025 |
| Úsáideoirí wi-fi leabharlainne | 22,672 |
| Deontais ealaíon íoctha | 130 |
| Imeachtaí ealaíon a óstáladh | 125 |
| Cuairteoirí ar an Amharclann Phobail | 4,884 |
| Cuairteoirí - Rua Red | 67,284 |
| Poist GC (Tógáil) | 788 |
| Infheistíocht CCÁCT i dTionscadail Turasóireachta | 9,486.99 |
| Infheistíocht CCÁCT i dTionscadail Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí | 0 |
| | |
| **Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide** | **Iomlána 2021** |
| Gearradh féir - heicteáir | 6,511 |
| Crainn iniúchta | 14,466 |
| Crainn prúnáilte | 7,537 |
| Crainn bhainte | 521 |
| Crainn churtha | 688 |
| Tonnáiste dramhaíola a bailíodh - boscaí bruscair sráide | 500.34 |
| Tonnáiste dramhaíola a bailíodh – bruscar / dumpáil mhídhleathach | 7235.26 |
| Tonnáiste dramhaíola bailithe - scuabadh bóithre / lintéar | 10683.32 |
| Km. de bhóithre scuabtha go míosúil | 930 |
| Cigireachtaí ar shuíomh tréigthe / foirgnimh chontúirteacha | 212 |
| Líon na gcigireachtaí comhshaoil | 1,767 |
| Fíneálacha bruscair eisithe | 388 |
| Líon na bhfógraí forfheidhmithe dramhaíola eisithe | 77 |

| | |
|---|---|
| % uisce gan chuntas | 36.0525 |
| Deisiúcháin líonra uisce óil curtha i gcrích | 634 |
| Teagmhais truaillithe uisce ar déileáladh leo | 72 |
| Buidéil phlaisteacha a shábháil trí úsáid a bhaint as uisce óil ó sceardáin | 70,042 |
| Líon na seisiún feasachta comhshaoil/aeráide | 68 |
| Líon madraí a cuireadh i bpóna | 240 |
| Líon na gcapall a cuireadh i bpóna | 45 |
| Teagmhais dóiteáin Bhriogáid Dóiteáin BÁC | 2,000 |
| Teagmhais Otharcharr Bhriogáid Dóiteáin BÁC | 14,192 |
| | |
| **Tithíocht, Forbairt Shóisialta agus Pobail** | |
| Tithíocht Sóisialta Iomlán | 9688 |
| Togáil tosaithe | 10 |
| Tógáil críochnaithe | 2 |
| Líon na measúnuithe ar riachtanais tithíochta | 7,233 |
| Leithdháiltí - Tionóntachtaí Nua | 577 |
| Líon na bhfolús | 91 |
| An t-am a thóg sé chun áitribh a ligean ar cíos (seachtainí) | 29.8758 |
| Iomlán na n-aonad faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos | 1,065 |
| Iomlán na n-aonad faoin Scéim ÍCT | 4,073 |
| Iomlán na n-aonad ar léas | 1,803 |
| Líon na ndeontas tithíochta ceadaithe | 411 |
| Iarratais faighte ar Chothabháil Tithíochta | 17,202 |
| Iarratais ar Chothabhálil Tithíochta curtha i gcrích | 13,933 |
| Líon na gcigireachtaí faoin mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha | 907 |
| Iomlán na gclárúchán LRP | 65 |
| Cothabháil Phleanáilte - aonaid críochnaithe | 53 |
| Líon na ndeontas pobail eisithe | 224 |
| Líon na gclár spóirt | 587 |
| Líon na n-imeachtaí pobail | 18 |
| Líon na rannpháirtithe i gcláir spóirt | 74,025 |
| Líon na rannpháirtithe in imeachtaí pobail | 1,209 |

| | |
|---|---|
| Cuairteoirí chuig áiseanna fóillíochta | 210,304 |
| Cigireachtaí BER | 0 |
| Teastais BER foilsithe | 0 |
| Cigireachtaí Meicniúla | 1,680 |
| Uasghráduithe fuinnimh curtha i gcrích | 0 |
| Cigireachtaí leictreacha déanta | 954 |
| Líon na n-eachtraí frithshóisialta a tuairiscíodh | 891 |
| Líon na ngníomhartha a glacadh mar fhreagra ar thuarascálacha | 6,018 |
| Cruinnithe CCP agus Fóraim Póilíneachta a reáchtáladh | 92 |
| Líon na bhFéilte Áitiúla ar tugadh tacaíocht dóibh | 0 |
| Oibreacha faoi Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas | 173 |
| Tacaíocht do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara | 1 |
| Líon rannpháirtithe Fostaíocht Phobail | 84 |
| % de rannpháirtithe CE a leithdháileadh | 63.333 |

| **Úsáid Talún, Pleanáil agus Iompar** | **Iomlána 2021** |
|---|---|
| Iarratais phleanála faighte - tithíocht nua | 125 |
| Iarratais phleanála faighte - tithíocht nua (aonaid) | 2,907 |
| Pleanáil deonaithe: tithe nua - iarratais | 45 |
| Pleanáil deonaithe: tithe nua - iarratais (aonaid) | 989 |
| Iarratais phleanála ar thithíocht - iarratais | 170 |
| Iarratais ar chead phleanáil - tithíocht (aonaid) | 3,896 |
| Pleanáil Diúltaithe - líon na dtithe | 567 |
| Iarratais phleanála - eile | 916 |
| Pleanáil eile - an líon a deonaíodh | 790 |
| Pleanáil eile - an líon a diúltaíodh | 58 |
| Iarratais ar fhaisnéis bhreise - gach rang | 337 |
| % de na cinntí ar sheas an Bord Pleanála leo | 65.5 |
| Cruinnithe Réamhphleanála a reáchtáladh | 97 |
| Forfheidhmiúcháin phleanála a tionscnaíodh | 244 |
| Comhaid fhorfheidhmithe a dúnadh | 62 |
| Cigireachtaí rialaithe foirgníochta (líon aonad a ndearnadh cigireacht orthu) | 197 |

| | |
|---|---|
| Fógraí tosaithe faighte (líon aonad á dtosú) | 1,272 |
| Iarratais ar TIC faighte | 8 |
| TIC curtha i gcrích | 1 |
| Achar cosáin deisithe i m2 | 74,985 |
| Achar cosáin nua i m2 | 1,100 |
| Achar bóthar deisithe i m2 | 97,583 |
| Achar bóthar nua i m2 | 1,440 |
| Achar raon rothar deisithe i m2 | 14,763.25 |
| Achar raon rothar nua i m2 | 14,127 |
| Líon na soilse poiblí luchtaithe | 30,752 |
| Líon na soilse poiblí deisithe | 5,543 |
| Soilse tráchta deisithe | 707 |
| Clár um Shoilsiú LED Poiblí | 1,561 |

## Aguisín 8 An Fhoireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| Príomhfheidhmeannach | Daniel McLoughlin |
| Stiúrthóir Bainistíochta Feidhmíochta Corparáidí agus Athraithe | Lorna Maxwell |
| Stiúrthóir Forbartha Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta | Frank Nevin (ar scor);<br>Jason Frehill |
| Stiúrthóir Comhshaoil, Uisce agus Athrú Aeráide | Teresa Walsh |
| Stiúrthóir Tithíochta, Forbairt Shóisialta agus Phobail | Colm Ward |
| Stiúrthóir Úsáid Talún, Pleanála agus Iompair | Mick Mulhern |
| Ceann Airgeadais | Ronan Fitzgerald |
| Ceann na gCóras Faisnéise | Tommy Kavanagh |
| Ailtire an Chontae | Eddie Conroy |
| Gníomhaire Dlí | Lorcan Gógan (ar scor);<br>Sean O’Shea |